Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2015
(OR. en)

10905/15

LIMITE

PECHE 253
CODEC 1046

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0096 (COD)

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8341/15 PECHE 143 CODEC 605 + ADD 1 - COM(2015) 180 final + Annexes |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009<br>- *Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa* |

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an togra thuas faoi bhráid na Comhairle ar an 24 Aibreán 2015. Tá sé mar aidhm leis an togra bearta maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, plean a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) ag a chruinnithe bliantúla idir 2012 agus 2014.

2. Rinne an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh an togra a scrúdú le linn na gcruinnithe a bhí aici idir an 13 Bealtaine agus an 16 Iúil 2015[1]. Ag an seisiún deireanach, thíolaic an Uachtaránacht comhréiteach maidir le seasamh na Comhairle[2], ar aontaigh na toscaireachtaí uile leis. Chomh maith leis sin, thángthas ar chomhaontú ó bhéal soiléiriú beag ar mhír 2 d'Iarscríbhinn I a thabhairt isteach ar iarraidh ó thoscaireacht amháin.

[1] Cf. doic: 8919/15, 9728/15, 9905/15, 10115/15 agus 10501/15.
[2] Cf. doic. 10259/2/15 REV 2 + COR 1.

3. Níorbh fhéidir le hionadaí an Choimisiúin tacú leis an gcomhréiteach.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe tacú leis an seasamh comhaontaithe ón gComhairle maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009, de réir mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn (cuirtear leasuithe ar an togra in iúl le cló trom iodálach agus líne tríd an téacs nó gan líne tríd).

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh, mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[4] a áirithiú go ndéanfar acmhainní uisceacha beo a shaothrú ar bhealach a chruthóidh dálaí inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta.

(2) Is Páirtí é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ("an Coinbhinsiún")[5].

(3) Ag a 15ú Cruinniú Speisialta in 2006, ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ("ICCAT"), arna bhunú ag an gCoinbhinsiún, Moladh 06-05[6] maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú, plean a mbeidh deireadh leis in 2022 (an 'Plean téarnaimh'). Tháinig an Moladh sin i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2007.

---

3 (tagairt le cur isteach)

4 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

5 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ("an Coinbhinsiún") (IO L 162, 18/06/1986, lch.34).

6 Moladh 06-05 ó ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

(4) Cuireadh Moladh 06-05 ICCAT ***[...] chun feidhme*** i ndlí an Aontais le Rialachán (CE) Uimh. 1559/2007[7] ón gComhairle lena mbunaítear plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

(5) Ag a 16ú Cruinniú Speisialta in 2008, ghlac ICCAT Moladh 08-05[8] lenar leasaíodh Moladh 06-05.

Chun an stoc a athbhunú, leis an bPlean téarnaimh a bunaíodh in 2006 agus a leasaíodh in 2008 cuireadh ar bun laghdú de réir a chéile ar an leibhéal gabhála iomláine is incheadaithe ó 2007 go 2011, srianta ar iascaireacht laistigh de limistéir agus tréimhsí ama áirithe, íosmhéid nua maidir leis an tuinnín gorm, bearta maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar mar spórt nó mar chaitheamh aimsire, bearta maidir le hacmhainn feirmeoireachta iasc agus iascaireachta agus treisiú Scéim ICCAT maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta.

(6) ***[...] Cuireadh chun feidhme*** Moladh 08-05 ó ICCAT i ndlí an Aontais le Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle[9] maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1559/2007.

(7) Ag a 17ú Cruinniú Speisialta in 2010, ghlac ICCAT Moladh 10-04[10], lenar leasaíodh Moladh 08-05. Chun an stoc a athbhunú, leagadh síos le Moladh 10-04 laghdú breise ar an ngabháil iomlán is incheadaithe agus ar an acmhainn iascaireachta agus treisíodh na bearta rialaithe, go háirithe na bearta maidir le hoibríochtaí aistrithe agus oibríochtaí cur i gcaighean. Rinneadh foráil freisin maidir le comhairle bhreise ón mBuanchoiste um Thaighde agus um Staidreamh (SCRS) in 2012 i ndáil le láithreacha sceite a aithint agus tearmainn a chruthú.

(8) D'fhonn bearta idirnáisiúnta caomhnaithe leasaithe Mholadh 10-04 a thrasuí i ndlí an Aontais, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 le Rialachán (AE) Uimh. 500/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

---

[7] Rialachán (CE) Uimh. 1559/2007 ón gComhairle an 17 Nollaig 2007 lena mbunaítear plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 (IO L 340, 22.12.2007, lch. 8).

[8] Moladh 08-05 lena leasaítear Moladh ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

[9] Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 43/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1559/2007 (IO L 96, 15.4.2009, lch. 1).

[10] Moladh 10-04 lena leasaítear an Moladh ó ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

[11] Rialachán (AE) Uimh. 500/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L 157, 16.6.2012, lch. 1).

(9) Ag a 18ú Cruinniú Speisialta in 2012, ghlac ICCAT Moladh 12-03[12] lenar leasaíodh Moladh 10-04. D'fhonn éifeachtacht an phlean téarnaimh a neartú leag sé síos bearta teicniúla maidir leis an tuinnín gorm beo a aistriú agus a chur i gcaighean, ceanglais nua maidir le tuairisciú gabhála, cur i bhfeidhm Chlár Breathnóirí Réigiúnacha ICCAT agus athruithe ar na séasúir iascaireachta. Thairis sin, treisíodh ról SCRS maidir le measúnú a dhéanamh ar stoic an tuinnín ghoirm.

(10) Ag a 23ú Gnáthchruinniú in 2013, ghlac ICCAT Moladh 13-07[13] lenar leasaíodh Moladh 12-03 trí mhionathruithe ar shéasúir iascaireachta a thabhairt isteach nach gcuireann isteach ar chabhlach an Aontais. Thairis sin, glacadh Moladh 13-08[14] a chomhlánaíonn an plean téarnaimh. Leag sé síos nós imeachta comhchoiteann maidir le córais cheamaraí steiréascópacha a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí den tuinnín gorm ag an bpointe ag a gcuirtear na héisc i gcaighean agus tugadh isteach dáta tosaigh solúbtha do shéasúr iascaireachta na mbád baoite agus na mbád trollála san Atlantach Thoir.

(11) D'fhonn bearta riachtanacha amhail na bearta maidir leis na séasúir iascaireachta i Moladh 12 03 agus i Moladh 13-08 a thrasuí i ndlí an Aontais, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 tuilleadh le Rialachán (AE) Uimh. 544/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(12) Ag a 19ú Cruinniú Speisialta in 2014, ghlac ICCAT Moladh 14-04[16] lenar leasaíodh Moladh 13-07 agus lenar aisghaireadh Moladh 13-08. Cé go ndearnadh roinnt de na forálacha rialaithe a bhí ann an tráth sin a chuíchóiriú, rinneadh tuilleadh sonraithe ar na nósanna imeachta maidir le ceamara steiréascópach a úsáid ag an bpointe ag a gcuirtear na héisc i gcaighean agus tugadh bearta isteach sa Phlean téarnaimh atá dírithe ar oibríochtaí scaoilte agus ar an gcaoi is ceart caitheamh le héisc atá marbh.

(13) Tá Moladh 14-04 ina cheangal ar an Aontas.

---

12 Moladh 12-03 lena leasaítear an Moladh ó ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

13 Moladh 13-07 lena leasaítear Moladh 12-03 ó ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

14 Moladh 13-08 ó ICCAT lena gcomhlánaítear Moladh 12-03 lenar bunaíodh Plean Téarnaimh Ilbhliantúil don Tuinnín Gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

15 Rialachán (AE) Uimh. 544/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L 163, 29.5.2014, lch. 7).

16 Moladh 14-04 lena leasaítear Moladh 13-07 ó ICCAT plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú.

(14) Ba cheart na leasuithe go léir ar an bplean téarnaimh a ghlac ICCAT in 2012, in 2013 agus in 2014, agus nár ***[...] cuireadh chun feidhme*** go fóill, a ***[...]chur chun feidhme*** i ndlí an Aontais. ***[...]***[17]***.***

***(15) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 bunaítear coincheap na n-íosmhéideanna tagartha caomhnaithe. D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an coincheap íosmhéideanna ar de chuid ICCAT é a chur chun feidhme i ndlí an Aontais mar íosmhéideanna tagartha caomhnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart go léifí na tagairtí d'íosmhéideanna an tuinnín ghoirm i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/98 ón gCoimisiún mar thagairtí d'íosmhéideanna tagartha caomhnaithe sa Rialachán seo.***

***(15)[...]***

(16) D'fhonn dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme forálacha an Rialacháin seo i ndáil le hoibríochtaí aistrithe, oibríochtaí cur i gcaighean agus gníomhaíochtaí gaiste agus soithigh a thaifeadadh agus a thuairisciú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

***(17) [...]***

***(18) [...]***

---

**17** ***[...]***

**18** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

***(19)***[…] ***(18)*** Tá forálacha áirithe i Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 imithe i léig, go háirithe ós rud é go bhfuil siad cumhdaithe anois faoi ghníomhartha eile an Aontais, agus ba cheart iad a scriosadh. Ba cheart forálacha eile a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sa reachtaíocht, go háirithe iad siúd a rinneadh mar thoradh ar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a ghlacadh.

***(20)[…] (19)*** Go háirithe, le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[19] bunaítear córas rialaithe Aontais, cigireacht agus forfheidhmiú ag a bhfuil cur chuige domhanda agus comhtháite chun comhlíonadh rialacha uile an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún[20] leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle. Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[21] bunaítear córas Comhphobail le haghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Tá cuid de na hábhair i Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 cumhdaithe faoi na gníomhartha sin anois, go háirithe Airteagal 33 maidir le bearta forfheidhmithe agus Iarscríbhinn VIII maidir le tarchur sonraí ó chórais faireacháin soithí (VMS). Ní gá, mar sin, na forálacha sin a áireamh sa Rialachán seo.

***(21)[…] (20)*** I gcomhréir le hAirteagal 49(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún, beidh feidhm ag na fachtóirí coinbhéartachta a ghlac an Buanchoiste um Thaighde agus um Staidreamh (SCRS) ar ríomh mheáchan slánaithe coibhéiseach an tuinnín ghoirm phróiseáilte, agus ar chomhlíonadh chuspóir an Rialacháin seo freisin.

***(22)[…] (21)*** Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 95 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/156/AE ón gCoimisiún[22]. Chomh maith le nithe eile, leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin bunaítear sprioc-thagarmharcanna agus cuspóirí le haghaidh iascaireacht an tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a rialú.

---

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.).

[20] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú. (IO: L 112, 30.4.2011, lch. 1).

[21] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh 2847/93, Rialachán (CE) Uimh 1936/2001 agus Rialachán (CE) Uimh 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1093/94 agus Rialachán (CE) Uimh 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

[22] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014 ón gCoimisiún an 19 Márta 2014 lena mbunaítear clár sonrach rialaithe agus cigireachta maidir le hiascach atá ag saothrú stoc den tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, colgán sa Mheánmhuir agus maidir le hiascach atá ag saothrú stoc den sairdín agus den ainseabhaí i Muir Aidriad Thuaidh (a cuireadh in iúl faoi dhoiciméad C(2014) 1717) (IO L 85, 21.3.2014, lch. 15).

***(23)[…] (22)*** Faoi mhír 2c de Mholadh 06-07 ó ICCAT[23] bunaítear clár samplála chun meastachán a dhéanamh ar an líon lánfhásta i gcomhthéacs gníomhaíochtaí feirmeoireachta i réimse an tuinnín ghoirm. ***Cuireadh*** an fhoráil sin ***[...] chun feidhme*** le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 302/2009. Ní gá foráil shonrach a dhéanamh sa Rialachán seo don chlár samplála, ós rud é go bhfuil riachtanais an chláir samplála sin cumhdaithe go hiomlán anois faoi na cláir a bunaíodh faoi mhír 83 de Mholadh 14-04, atá le ***[...] cur chun feidhme*** leis an Rialachán seo. Foráiltear leis an mír sin go n-úsáidfear córais cheamaraí steiréascópacha nó teicnící eile atá chomh beacht leo agus cumhdaítear léi gach oibríocht cur i gcaighean a dhéantar chun líon agus meáchan na n-iasc a scagadh.

***(23) Ar mhaithe le soiléireacht, simpliú agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 a aisghairm leis an Rialachán seo.***

(24) ***[...][22][...]***

***Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/98 ón gCoimisiún[24] déantar foráil do mhaolú ón oibleagáidí maidir le gabhálacha tuinnín ghoirm a thabhairt i dtír a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ionas go mbeadh a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún á gcomhlíonadh ag an Aontas. Leis an Rialachán sin, déantar forálacha áirithe de Mholadh 13-07 ó ICCAT a chur chun feidhme lena mbunaítear oibleagáid aischuir agus scaoilte le haghaidh soithí agus gaistí a ghabhann tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir i gcásanna áirithe. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear oibleagáidí den chineál sin leis an Rialachán seo. Ní dhéantar aon difear don Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún le glacadh an Rialacháin seo.***

---

23 Moladh 06-07 ó ICCAT maidir le feirmeoireacht an tuinnín ghoirm.

24 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh agus faoin gCoinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 16, 23.01.2015, lch 23).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos na rialacha ginearálta maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh, a shainmhínítear in Airteagal 3(1), ag an Aontas.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

*Airteagal 2*

*Cuspóir*

Is é is cuspóir don Rialachán seo, i gcomhréir leis an bplean téarnaimh a shainmhínítear in Airteagal 3(1) bithmhais a ghnóthú a fhreagraíonn don uastáirgeacht inbhuanaithe faoin mbliain 2022 a mbeidh dóchúlacht 60 % ar a laghad i gceist leis.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn "plean téarnaimh" an plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm (*Thunnus thynnus*), a bhfuil feidhm aige ó 2007 go 2022 agus a mhol an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('ICCAT');

(2) ciallaíonn "soitheach iascaireachta" aon soitheach cumhachtaithe a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun críocha acmhainní an tuinnín ghoirm a shaothrú ar bhonn tráchtála, lena n-áirítear soithí gabhála, soithí próiseála éisc, soithí tacaíochta, soithí tarraingthe, soithí a ghabhann don athlastáil agus soithí iompair atá feistithe le táirgí an tuinnín a iompar agus soithí coimhdeachta, seachas soithí coimeádán;

(3) ciallaíonn "soitheach gabhála'"soitheach a úsáidtear chun críocha acmhainní an tuinnín ghoirm a ghabháil ar bhonn tráchtála;

(4) ciallaíonn "soitheach próiseála" soitheach ar a ndéantar ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí a leanas ar tháirgí iascaigh, sula ndéantar iad a phacáil: filléadú nó sliosadh, reo agus/nó próiseáil;

(5) ciallaíonn "soitheach coimhdeachta" aon soitheach a úsáidtear chun an tuinnín gorm marbh (gan phróiseáil) a iompar ó chaighean iompair/feirmeoireachta, ó eangach peas-saighne nó ó ghaiste chuig calafort ainmnithe agus/nó chuig soitheach próiseála;

(6) ciallaíonn "soitheach tarraingthe" aon soitheach a úsáidtear chun caighin a tharraingt;

(7) ciallaíonn "soitheach tacaíochta" aon soitheach eile dá dtagraítear faoi (2);

(8) ciallaíonn "iascaireacht ghníomhach", i gcás aon soitheach gabhála nó gaiste, go ndírítear ar an tuinnín gorm le linn séasúr iascaireachta ar leith;

(9) ciallaíonn "comhoibríocht iascaireachta" aon oibríocht ina bhfuil dhá shoitheach pheas-saighne nó níos mó páirteach agus ina ndéantar gabháil de chuid soitheach peas-saighne amháin a shannadh do shoitheach peas-saighne eile nó níos mó i gcomhréir le scála cionroinnte;

10. ciallaíonn "oibríochtaí aistrithe" aon oibríocht ina ndéantar:

   (i) an tuinnín gorm beo a aistriú ó eangach an tsoithigh gabhála go dtí an caighean iompair;

   (ii) an tuinnín gorm beo a aistriú ón gcaighean iompair go dtí caighean iompair eile;

   (iii) an caighean ina bhfuil an tuinnín gorm á aistriú ó shoitheach tarraingthe amháin go dtí soiteach tarraingthe eile;

   (iv) an tuinnín gorm beo a aistriú ó fheirm iascaireachta amháin go dtí feirm iascaireachta eile;

   (v) an tuinnín gorm beo a aistriú ón ngaiste go dtí an caighean iompair.

(11) ciallaíonn "aistriú rialaithe" aon aistriú breise a dhéantar ar iarratas ó na hoibreoirí iascaireachta/feirme nó ó na húdaráis rialaithe chun líon na n-iasc atá á n-aistriú a fhíorú.

(12) ciallaíonn "gaiste" trealamh feistithe atá ar ancaire ar an ngrinneall a mbíonn treoireangach ina cuid de de ghnáth agus lena dtreoraítear an tuinnín gorm isteach in imfhálú nó i sraith imfháluithe, áit a gcoinnítear iad sula ndéantar iad a shaothrú.

(13) ciallaíonn "cur i gcaighean" an tuinnín gorm beo a aistriú ón gcaighean nó ón ngaiste iompair go dtí na caighin feirmeoireachta;

(14) ciallaíonn "feirmeoireacht" an tuinnín gorm a chur i gcaighean ar fheirmeacha agus iad a bheathú ina dhiaidh sin chun iad a ramhrú agus a mbithmhais iomlán a mhéadú;

(15) ciallaíonn "feirm" suiteáil a úsáidtear le haghaidh feirmeoireacht an tuinnín ghoirm a gabhadh le gaistí agus/nó le soithí peas-saighne;

***(16) [...]***

(17) ciallaíonn "saothrú" an tuinnín gorm a mharú ar fheirmeacha nó i ngaistí;

(18) ciallaíonn "athlastáil" na héisc go léir nó aon chuid díobh atá ar bord soitheach iascaireachta a dhíluchtú chuig soitheach iascaireachta eile. Ní mheasfar díluchtú tuinnín gorm marbh ón eangach pheas-saighne nó ón soitheach tarraingthe chuig soitheach coimhdeachta a bheith ina athlastáil.

(19) ciallaíonn "iascach spóirt" iascach neamhthráchtála a bhfuil baint ag a bhaill le heagraíocht náisiúnta spóirt nó ar eisíodh ceadúnas náisiúnta spóirt dóibh;

(20) ciallaíonn "iascach áineasa" iascach neamhthráchtála nach bhfuil baint ag a bhaill le heagraíocht náisiúnta spóirt nó nár eisíodh ceadúnas náisiúnta spóirt dóibh;

(21) ciallaíonn "ceamara steiréascópach" ceamara ar a bhfuil dhá lionsa nó níos mó, ina bhfuil braiteoir íomhánna nó fráma scannáin ar leith le haghaidh gach lionsa lenar féidir íomhánna tríthoiseacha a fháil;

(22) ciallaíonn "ceamaraí rialaithe" ceamaraí steiréascópacha agus/nó gnáth-fhíscheamaraí chun críche an rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(23) Is doiciméad le haghaidh gabhálacha tuinnín ghoirm é an Doiciméad um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm dá ngairtear "BCD" nó "BCD leictreonach". De réir mar is iomchuí, cuirfear tagairt don BCD leictreonach in ionad an tagartha do BCD.

(24) ciallaíonn "an Ballstát freagrach" agus "an Ballstát atá freagrach" an Ballstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an soitheach nó an Ballstát a bhfuil an gaiste nó an fheirm suite faoina dhlínse nó, má tá an fheirm nó an gaiste suite ar an mórmhuir, an Ballstát ina bhfuil oibreoir an ghaiste nó na feirme bunaithe;

(25) Ciallaíonn "Tasc II" Tasc II mar atá sainmhínithe ag ICAAT sa "Lámhleabhar allamuigh le haghaidh staidrimh agus sampláil i dtaca le tuinníní an Atlantaigh agus le héisc atá cosúil leo";[25]

(26) Ciallaíonn "CPC" Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún agus Páirtithe Comhoibritheacha Neamhchonarthacha, Eintitis Chomhoibritheacha Neamhchonarthacha nó Eintitis Chomhoibritheacha Neamhchonarthacha Iascaireachta;

(27) Ciallaíonn "SCRS" Buanchoiste ICCAT um Thaighde agus um Staidreamh;

(28) Ciallaíonn "Limistéar an Choinbhinsiúin" an limistéar geografach atá cumhdaithe faoi bhearta ICCAT de réir mar atá leagtha síos in Airteagal 1 den Choinbhinsiún.

---

[25] An tríú heagrán, ICCAT, 1990.

*Airteagal 4*

*Fad soithí*

Tuigtear gur fad iomlán atá i gceist le gach fad soithigh dá dtagraítear sa Rialachán seo.

**CAIBIDIL II**

**Bearta Bainistíochta**

*Airteagal 5*

*Coinníollacha a bhaineann le bearta bainistíochta*

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ***[...] an iarracht*** iascaireachta a dhéanfar ar a shoithí gabhála agus a ghaistí i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh an tuinnín ghoirm atá ar fáil don Bhallstát sin san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

2. Beidh ***[...] toirmeasc*** ar aon chuid den chuóta nár baineadh feidhm as a ***[..]t[...]***habhairt anonn.

3. Cuirfear toirmeasc ar shoithí iascaireachta an Aontais a chairtfhostú le haghaidh an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

*Airteagal 6*

*Pleananna bainistíochta maidir le hacmhainn iascaireachta, pleananna iascaireachta agus pleananna bainistíochta feirmeoireachta a chur isteach*

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh gach Ballstát ***a bhfuil cuóta do thuinnín gorm*** aige an fhaisnéis seo a leanas ar aghaidh chuig an gCoimisiún:

   (a) plean iascaireachta le haghaidh na soithí gabhála agus na ngaistí atá i mbun tuinnín gorm a ghabháil san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir;

   (b) plean bainistíochta maidir le hacmhainn iascaireachta lena n-áireofar go bhfuil acmhainn iascaireachta an Bhallstáit i gcomhréir leis an gcuóta a leithroinneadh ar an mBallstát sin;

2. Cuirfidh an Coimisiún na pleananna dá dtagraítear i mír 1 le chéile agus déanfaidh sé iad a chomhtháthú i bplean bainistíochta an Aontais maidir le hiascaireacht agus acmhainn, plean a chuirfear ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 15 Feabhra gach bliain chun go ndéanfar é a phlé agus a fhormheas.

3. Faoin 15 Aibreán gach bliain, gach Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige modhnú a dhéanamh ar an bplean ICCAT maidir le hacmhainn feirmeoireachta atá i bhfeidhm, seolfaidh sé plean bainistíochta feirmeoireachta chuig an gCoimisiún, a sheolfaidh chuig Rúnaíocht ICCAT é.

*Airteagal 7*

*Pleananna iascaireachta*

1. Sa phlean iascaireachta bliantúil a thíolacfaidh gach Ballstát ***a bhfuil cuóta do thuinnín gorm aige*** sainaithneofar na cuótaí a leithroinneadh ar gach grúpa trealaimh dá dtagraítear in Airteagal 10 agus Airteagal 11 ***agus áireofar faisnéis faoin méid a leanas freisin [...]:***

   (a) na soithí gabhála is faide ná 24 mhéadar a áirítear ar an liosta soithí dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(a), an cuóta aonair a leithroinneadh orthu agus na bearta a cuireadh ar bun chun a áirithiú go ndéanfaí na cuótaí aonair agus na lamháltais seachghabhála aonair a chomhlíonadh;

   (b) maidir leis na soithí gabhála nach faide ná 24 mhéadar iad agus maidir leis na gaistí, ar a laghad an cuóta a leithroinneadh ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar ghrúpa ***gaistí nó*** soithí a bheidh ag iascaireacht le trealamh comhchosúil.

***2. De mhaolú ar mhír 1(a), féadfar an cuóta aonair a leithroinneadh ar gach soitheach os cionn 24 mhéadar a chur isteach 30 lá roimh thús an tséasúir iascaireachta is infheidhme maidir le gach soitheach.***

***3.*2 *[...]*** Maidir le haon mhodhnú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bplean iascaireachta bliantúil nó ar na cuótaí aonair a leithroinneadh ar shoithí gabhála is faide ná 24 mhéadar atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(a), cuirfidh an Ballstát ábhartha faisnéis faoin modhnú sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún trí lá ar a laghad sula ndéanfar an ghníomhaíocht is cúis leis an modhnú sin. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis faoi aon mhodhnú den chineál sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT 48 n-uair an chloig ar a laghad sula ndéanfar an ghníomhaíocht is cúis leis an modhnú sin.

*Airteagal 8*

*Pleananna bainistíochta maidir le hacmhainn iascaireachta*

1. Leis an bplean bainistíochta bliantúil maidir le hacmhainn iascaireachta a thíolacfaidh gach Ballstát ***a bhfuil cuóta do thuinnín gorm*** aige, comhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Maidir leis an líon uasta gaistí is féidir a chlárú i mBallstát agus soithí iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain orthu agus a fhéadfaidh an tuinnín gorm a iascach, a choinneáil ar bord, a athlastáil, a iompar nó a thabhairt i dtír, déanfar é a shocrú i gcomhréir leis an gConradh agus i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

3. Líon uasta na soithí iascaireachta ***agus a n-olltonnáiste comhfhreagrach*** a mbeidh bratach Ballstáit ar foluain orthu agus a bheidh i mbun an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, beidh sé teoranta go dtí an líon agus an t-olltonnáiste comhfhreagrach de shoithí iascaireachta a raibh bratach an Bhallstáit sin ar foluain orthu agus a bhí ag iascach tuinnín ghoirm, a choinnigh ar bord iad, a d'athlastáil iad, a d'iompair iad nó a thug i dtír iad le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 1 Iúil 2008. Beidh feidhm ag an teorainn sin maidir le soithí gabhála de réir cineál trealaimh.

4. I gcás soithí atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach faoin maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2), leagtar amach coinníollacha breise in Iarscríbhinn I maidir leis an líon uasta soithí iascaireachta a shocrú.

5. An líon uasta gaistí arna n-údarú ag an mBallstát faoin 1 Iúil 2008 an teorainn a bheidh leis an líon uasta gaistí ag Ballstát i mbun an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

6. De mhaolú ar na forálacha a leagtar amach i mír 3 agus i mír 5 i leith na mblianta 2015, 2016 agus 2017, i gcás inar féidir le Ballstát a thaispeáint go bhfuil an fhéidearthacht ann nach n-úsáidfear a chuóta iomlán de bharr a acmhainne iascaireachta, féadfaidh an Ballstát sin cinneadh a dhéanamh líon níos airde gaistí agus soithí a áireamh ina phleananna iascaireachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 7.

7 ***[...]*** I gcás gach Ballstát, maidir leis na blianta 2015, 2016 agus 2017, beidh líon a chuid soithí peas-saighne ***[...]*** teoranta go dtí líon na soithí peas-saighne a d'údaraigh sé in 2013 nó in 2014. ***Ní bheidh feidhm ag an méid sin maidir le soithí peas-saighne atá ag oibriú faoin maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2)b.***

8. Agus pleananna bainistíochta maidir lena acmhainn iascaireachta á leagan amach ag Ballstát, déanfar acmhainn iascaireachta gach Ballstáit a bhunú ar an meastachán a rinne SCRS in 2009[26] ar na rátaí gabhála is fearr in aghaidh an tsoithigh agus an trealaimh, meastachán a chomhaontaigh ICCAT le linn cruinniú idirsheisiúnach an Choiste um Chomhlíonadh ICCAT in 2010.[27] I gcás ina ndéanfaidh SCRS aon leasú ar na rátaí gabhála sin, is iad na rátaí gabhála is déanaí lenar aontaigh ICCAT a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm.

*Airteagal 9*

*Pleananna bainistíochta feirmeoireachta*

1. Leis an bplean bainistíochta feirmeoireachta a thíolacfaidh gach Ballstát, comhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Maidir leis an uas-acmhainn a bheidh ag gach Ballstát i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú an tuinnín ghoirm agus an uas-ionchur tuinnín ghoirm fhiáin a ghabhtar arbh fhéidir le gach Ballstát é a leithroinnt, déanfar iad a shocrú i gcomhréir leis an gConradh ***[...]***.

---

26 Tuarascáil SCRS 2009, leagan Béarla, lch. 128.

27 An Tuarascáil ó Chruinniú Idir-Sheisiúnach an Choiste um Chomhlíonadh, Maidrid, an Spáinn – Feabhra 24 go 26, 2010, pointe 5 agus Aguisín 3 atá i gceangal le hIarscríbhinn 4.2.

3. Beidh uas-acmhainn Ballstáit ó thaobh feirmeoireacht agus ramhrú an tuinnín ghoirm teoranta go dtí acmhainn feirmeoireachta agus ramhraithe na bhfeirmeacha de chuid an Bhallstáit sin a bhí cláraithe i dtaifead ICCAT maidir le saoráidí feirmeoireachta nó a bhí údaraithe agus dearbhaithe chuig ICCAT ar an 1 Iúil 2008.

4. Leibhéil na gcainníochtaí ionchuir a chláraigh feirmeacha an Bhallstáit sin le ICCAT sna blianta 2005, 2006, 2007 nó 2008 a bheidh mar uas-ionchur an tuinnín ghoirm fhiáin ghafa is féidir le feirmeacha an Bhallstáit sin a thabhairt isteach.

5. Déanfaidh gach Ballstát uas-ionchur bliantúil a leithroinnt ar a gcuid feirmeacha a bheidh ina chuid den uaschainníocht ionchuir de thuinníní gorma fiáine gafa dá dtagraítear i mír 4.

## CAIBIDIL III

## BEARTA TEICNIÚLA

## ROINN 1

## SÉASÚIR IASCAIREACHTA

*Airteagal 10*

*Soithí spiléar, soithí peas-saighne, trálaeir pheiligeacha, gaistí agus iascaigh spóirt agus áineasa*

1. Ceadófar do shoithí gabhála peiligeacha spiléar is faide ná 24 mhéadar an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine, cé is moite den limistéar a theomharcáiltear le Siar ó 10 gcéim Siar agus le Ó Thuaidh ó 42 chéim Ó Thuaidh agus de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua, limistéir ina gceadófar iascaireacht den sórt sin ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Eanáir.

2. Ceadófar peas-saighneoireacht an tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse ón 26 Bealtaine go dtí an 24 Meitheamh cé is moite de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua, limistéar ina gceadófar iascaireacht den sórt sin ón 25 Meitheamh go dtí an 31 Deireadh Fómhair.

3. Ceadófar do thrálaeir pheiligeacha an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir le linn na tréimhse ón 16 Meitheamh go dtí an 14 Deireadh Fómhair.

4. Ceadófar an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir mar áineas nó mar spórt ón 16 Meitheamh go dtí an 14 Deireadh Fómhair.

5. Ceadófar an tuinnín gorm a iascach le trealaimh, seachas na trealaimh dá dtagraítear i mír 1 go mír 4 agus in Airteagal 11, lena n-áirítear gaistí, ó cheann ceann na bliana.

*Airteagal 11*

*Báid bhaoite agus báid trollála*

1. Ceadófar do bháid bhaoite agus do bháid trollála an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair.

2. Ar choinníoll nach ndéanfar aon difear do chosaint na láithreacha sceite agus nach mbeidh fad an tséasúir iascaireachta i gcás na n-iascach sin níos faide ná ceithre mhí, féadfaidh gach Ballstát dáta tosaigh difriúil a shocrú maidir le báid bhaoite agus báid trollála a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus atá i mbun oibríochta san Atlantach Thoir.

3. Sa phlean iascaireachta dá chuid dá dtagraítear in Airteagal 7, sonróidh gach Ballstát cé acu ar rinneadh dáta tosaigh na n-iascach sin a mhodhnú nó nach ndearnadh, agus luafaidh siad comhordanáidí na limistéar lena mbaineann.

**ROINN 2**

**ÍOSMHÉID, GABHÁIL DE THAISME, SEACHGHABHÁIL**

*Airteagal 12*

*An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír*

Tá forálacha na Roinne seo gan dochar d'Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, lena n-áirítear aon ***[...] mhaolú is infheidhme.***

*Airteagal 13*

*Íosmhéid* ***tagartha chaomhnaithe***

1. 30 kg nó 115 cm (fad go gabhal an eireabaill) a bheidh mar íosmhéid ***tagartha caomhnaithe*** tuinnín ghoirm a ghabhfar san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

2. De mhaolú ar mhír 1, 8 kg nó 75 cm (fad go gabhal an eireabaill) a bheidh mar íosmhéid ***tagartha chaomhnaithe*** tuinnín ghoirm i gcás na n-iasc seo a leanas:

   (a) tuinníní gorma arna ngabháil san Atlantach Thoir ag báid bhaoite agus ag báid trollála;

   (b) tuinníní gorma arna ngabháil i Muir Aidriad chun críocha feirmeoireachta;

   (c) tuinníní gorma arna ngabháil sa Mheánmhuir ag an iascach cósta agus mionscála le haghaidh éisc úra, ag báid bhaoite, báid spiléar agus báid lámhdhorú.

3. Déantar na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an maolú dá dtagraítear i mír 2 a leagan amach in Iarscríbhinn I.

4. Eiseoidh na Ballstáit lena mbaineann údaruithe sonracha chuig na soithí le dul i mbun iascaireachta faoin maolú dá dtagraítear i mír 2. Cuirfear na soithí lena mbaineann in iúl ar liosta na soithí gabhála dá dtagraítear in Airteagal 19(1)a. Chun na críche sin beidh feidhm ag na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 19 agus in Airteagal 20.

*Airteagal 14*

*Gabhálacha de thaisme*

1. ***Gan dochar d'Airteagal 13(1), [...] i*** gcás gach soitheach gabhála agus gaiste i mbun iascaireacht ghníomhach ar an tuinnín gorm ceadófar gabhálacha de thaisme d'uasmhéid 5% den tuinnín gorm ag a bhfuil meáchan idir 8 agus 30 kg nó a bhfuil an fad go gabhal a eireabaill idir 75 agus 115 cm.

2. Déanfar an céatadán 5% dá dtagraítear i mír 1 a ríomh ar bhonn na ngabhálacha go léir den tuinnín gorm de réir líon iasc arna gcoinneáil ar bord nó laistigh den ghaiste tráth ar bith i ndiaidh gach oibríocht iascaireachta.

3. Déanfar gabhálacha de thaisme a bhaint de chuóta an Bhallstáit atá freagrach as na soithí gabhála nó as an ngaiste.

4. Beidh gabhálacha de thaisme den tuinnín gorm faoi réir Airteagail 23, 28, 29 agus 30.

*Airteagal 15*

*Seachghabháil*

1. ***Déanfaidh*** gach Ballstát [...] ***foráil do*** sheachghabháil tuinníní gorma ***laistigh dá chuóta*** agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas ***ina leith sin*** tráth a gcuirfidh sé a phlean iascaireachta ar aghaidh.

2. Maidir le soithí an Aontais nach bhfuil i mbun iascaireacht ghníomhach ar an tuinnín gorm, áiritheofar nach mbeidh seachghabhálacha den tuinnín gorm níos mó ná 5 %, de réir meáchan nó líon píosaí na gabhála iomláine ar bord, am ar bith tar éis oibríocht iascaireachta. Ní bheidh feidhm ag ríomh an chéatadáin sin de réir líon píosaí ach ar an tuinnín agus ar speicis cosúil leis an tuinnín atá bainistithe ag ICCAT. ***Déanfaidh gach Ballstát gach iasc marbh atá laistigh de na seachghabhálacha a asbhaint [...] dá chuóta.***

3. ***[...]*** I gcás Ballstáit nach bhfuil cuóta do thuinnín gorm acu, déanfar na seachghabhálacha ábhartha a bhaint de chuóta seachghabhála sonrach an Aontais don tuinnín gorm arna bhunú i gcomhréir leis an gConradh agus le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

4. Má tá an cuóta a leithroinneadh ar Bhallstát an tsoithí iascaireachta nó an ghaiste lena mbaineann ídithe cheana féin, déanfar aon ghabhálacha den tuinnín gorm a sheachaint. Ní mór an tuinnín gorm marbh a thabhairt i dtír ***slán agus neamhphróiseáilte,*** agus beidh sé faoi réir coigistiú agus na mbeart leantach is iomchuí. I gcomhréir le hAirteagal 27, tuairisceoidh gach Ballstát faisnéis ar bhonn bliantúil maidir le cainníochtaí den chineál sin chuig an gCoimisiún a chuirfidh ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT í.

5. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 25, 28, 29, 30 agus 54 maidir le seachghabháil.

## ROINN 3

## AERMHODHANNA *[...] A ÚSÁID*

*Airteagal 16*

*Aermhodhanna a úsáid*

Cuirfear toirmeasc ar aon aermhodhanna a úsáid chun an tuinnín gorm a chuardach, lena n-áirítear aerárthaí, héileacaptair nó aon chineál aerárthaí gan foireann.

## CAIBIDIL IV

## IASCAIGH ÁINEASA AGUS IASCAIGH SPÓIRT

*Airteagal 17*

*Cuóta sonrach le haghaidh iascaigh áineasa agus iascaigh spóirt*

Déanfaidh gach Ballstát ***ag a bhfuil cuóta don tuinnín gorm*** iascaigh áineasa agus iascaigh spóirt a rialáil trí chuóta sonrach a leithroinnt chun críche na n-iascach sin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus a phlean iascaireachta á chur ar aghaidh chuige.

*Airteagal 18*

*Iascach áineasa agus spóirt*

1. Déanfaidh gach Ballstát ag a bhfuil cuóta don tuinnín gorm iascach áineasa agus iascach spóirt a rialáil trí údaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí chun críche iascaireachta áineasa agus spóirt.

2. I gcás iascach áineasa agus iascach spóirt, ní cheadófar níos mó ná aon tuinnín gorm amháin a ghabháil in aghaidh an tsoithigh in aghaidh an lae.

3. Aon tuinnín gorm a thugtar i dtír, beidh sé iomlán nó geolbhaithe agus/nó glanta.

4. Cuirfear toirmeasc ar thuinnín gorm a gabhadh le linn iascaireacht áineasa agus spóirt a chur ar an margadh.

5. Déanfaidh gach Ballstát taifead ar shonraí gabhála, lena n-áirítear meáchan agus fad gach tuinnín gorm a gabhadh trí iascaireacht áineasa agus spóirt agus cuirfidh sé na sonraí a bhaineann leis an mbliain roimhe sin in iúl don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig SCRS.

6. Déanfaidh gach Ballstát gabhálacha marbha ó iascaigh áineasa agus spóirt a chomhaireamh in aghaidh an chuóta a leithroinn sé i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus Airteagal 17.

**CAIBIDIL V**

**BEARTA RIALAITHE**

***Airteagal 19 A***

***An gaol le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009***

***Beidh feidhm leis na bearta rialaithe dá bhforáiltear sa Chaibidil seo mar aon leo sin dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, seachas i gcás ina bhforáiltear dá mhalairt sa Chaibidil seo.***

**ROINN 1**

**TAIFID AR SHOITHÍ AGUS GAISTÍ**

*Airteagal 19*

*Taifid ar shoithí*

1. Gach bliain, cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis a leanas go leictreonach faoi bhráid an Choimisiúin aon mhí amháin roimh thús na séasúr iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 11, nuair is infheidhme, nó aon mhí amháin roimh thús na tréimhse údaraithe i gcásanna eile.

(a) liosta de na soithí gabhála go léir a bhfuil a bhratach ar foluain orthu atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach go gníomhach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir mar gur eisíodh údarú iascaireachta ***[...]*** dóibh;

(b) liosta de na soithí iascaireachta eile go léir, seachas soithí gabhála, a bhfuil a mbratach ar foluain orthu atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

2. Déanfar an dá liosta a leagan amach i gcomhréir leis an bhformáid sna Treoirlínte ó ICCAT maidir le sonraí a thíolacadh agus maidir leis an bhfaisnéis is gá.

3. Le linn bliain féilire, féadfar soitheach iascaireachta a áireamh ar an dá liosta dá dtagraítear i mír 1 ar choinníoll nach bhfuil sé ar an dá liosta ag an am céanna.

4. Áireofar sna na liostaí a leagtar amach i mír 1 ainm an tsoithigh agus a uimhir ar Chlár Chabhlach an Aontais (CFR) mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ón gCoimisiún[28].

5. Ní ghlacfar le haon iarratas cúlghabhálach. Ní ghlacfar le hathruithe ina dhiaidh sin ar na liostaí dá dtagraítear i mír 1 le linn bliain féilire ach amháin mura féidir leis an soitheach iascaireachta ar tugadh fógra ina leith páirt a ghlacadh de bharr cúiseanna oibríochtúla nó de bharr force majeure. Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach faoi sin agus cuirfidh sé an méid seo a leanas ar fáil:

(a) sonraí iomlána maidir leis an soitheach iascaireachta nó na soithí iascaireachta a bhfuil sé beartaithe é nó iad a chur in ionad soitheach atá ar na liostaí dá dtagraítear i mír 1; agus

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna atá leis an ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairtí iomchuí.

6. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 chuig Rúnaíocht ICCAT ionas gur féidir na soithí a thaifeadadh ar thaifead ICCAT maidir le soithí gabhála atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach go gníomhach nó ar thaifead ICCAT maidir le gach soitheach iascaireachta eile (seachas soithí gabhála) atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach.

7. Beidh feidhm ag Airteagal 8a(2), (6), (7) agus (8) de Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001[29] ón gComhairle agus na modhnuithe riachtanacha déanta air.

*Airteagal 20*

*Údaruithe iascaireachta do shoithí*

1. Gan dochar d'Airteagal 15, ní bheidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil ar thaifid ICCAT dá dtagraítear in Airteagal 19(1) údaraithe an tuinnín gorm a iascach, a choinneáil ar bord, a athlastáil, a iompar, a aistriú, a phróiseáil nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir ná sa Mheánmhuir.

**28** Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ón gCoimisiún an 30 Nollaig 2003 maidir le Clár Chabhlach Iascaireachta an Chomhphobail (IO L 5, 9.1.2004, lch. 25).

**29** Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 lena leagtar síos na bearta is infheidhme maidir le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic áirithe éisc mór-imirceach (IO L 263, 23.10.2001, lch 1).

2. Nuair a mheasfar go bhfuil an cuóta aonair ídithe tarraingeoidh an Ballstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar an soitheach an t-údarú iascaireachta siar agus ***[...] féadfaidh sé a cheangal*** ar an soitheach dul láithreach bonn chuig calafort arna ainmniú aige.

*Airteagal 21*

*Taifid ar ghaistí atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach*

1. Faoin 15 Feabhra gach bliain, seolfaidh gach Ballstát liosta go leictreonach chuig an gCoimisiún de na gaistí dá chuid atá údaraithe, trí bhíthin údarú iascaireachta ***[...]*** a eisíodh, an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir. Beidh ainm na ngaistí agus an chláruimhir ar an liosta agus déanfar é a leagan amach i gcomhréir leis an bhformáid sna Treoirlínte ó ICCAT maidir le sonraí a thíolacadh agus maidir leis an bhfaisnéis is gá.

2. Seolfaidh an Coimisiún an liosta chuig Rúnaíocht ICCAT ionas gur féidir na gaistí sin a thaifeadadh ar thaifead ICCAT maidir le gaistí atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach.

3. Ní bheidh gaistí an Aontais nár iontráladh ar thaifead ICCAT údaraithe an tuinnín gorm a iascach, a choinneáil, a aistriú, a chur i gcaighean san Atlantach Thoir ná sa Mheánmhuir ná iad a thabhairt i dtír.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 8a(2), (4), (6), (7) agus (8) de Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 agus na modhnuithe riachtanacha déanta air.

*Airteagal 22*

*Comhoibríochtaí iascaireachta*

1. Ní dhéanfar aon chomhoibríocht iascaireachta le haghaidh an tuinnín ghoirm a údarú ach amháin le toiliú ón mBallstát brataí nó ó na Ballstáit bhrataí. Le húdarú a fháil, ní mór gach soitheach peas-saighne a bheith feistithe le haghaidh tuinnín gorm a iascach agus cuóta aonair a bheith aige. Ní cheadófar comhoibríochtaí iascaireachta a dhéanfar i gcomhar le CPCanna eile.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun an fhaisnéis a leanas a fháil óna shoithí iascaireachta atá ag cur isteach ar údarú bheith páirteach i gcomhoibríocht iascaireachta:

(a) an fad ama;

(b) céannacht na n-oibreoirí a bheidh páirteach;

(c) an cuóta atá ag gach soitheach;

(d) an scála leithroinnte idir na soithí iascaireachta maidir leis na gabhálacha ábhartha; agus

(e) faisnéis maidir leis na feirmeacha cinn scríbe.

3. 15 lá ar a laghad roimh thús na hoibríochta, seolfaidh gach Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 chuig an gCoimisiún san fhormáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht ICCAT agus chuig an Stát a bhfuil a bhratach ar foluain ar na soithí iascaireachta eile atá ag glacadh páirt sa chomhoibríocht iascaireachta 10 lá ar a laghad roimh thús na hoibríochta.

4. I gcás force majeure, ní bheidh feidhm ag an sprioc ama atá leagtha amach i mír 3 maidir leis an bhfaisnéis a iarrtar faoi mhí 2(e). Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit nuashonrú ar an bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin a luaithe is féidir, maille le tuairisc ar na heachtraí is cúis leis an force majeure. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

**Roinn 2**
**gabhálacha**

*Airteagal 23*

*Ceanglais tuairiscithe*

1. Chomh maith le hAirteagail 14, 15, 23 agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chomhlíonadh, déanfaidh máistir ar shoitheach gabhála an Aontais, más infheidhme, an fhaisnéis a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a iontráil sa logleabhar.

2. Déanfaidh máistrí soithí tarraingthe, soithí coimhdeachta agus soithí próiseála a ngníomhaíochtaí a thaifeadadh i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach i gCuid B, i gCuid C agus i gCuid D d'Iarscríbhinn II.

*Airteagal 24*

*Tuarascálacha maidir le gabhálacha le seoladh ag máistrí agus oibreoirí gaistí*

1. Seolfaidh máistrí soithí iascaireachta atá i mbun iascaireacht ghníomhach le haghaidh an tuinnín ghoirm faisnéis laethúil ó logleabhair chuig údaráis an Bhallstáit brataí, a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ina cuid de: cláruimhir ICCAT, ainm an tsoithigh, tús agus deireadh na tréimhse údaraithe, dáta, am, suíomh (domhanfhad agus domhanleithead), meáchan agus an líon den tuinnín gorm a gabhadh i limistéar an Choinbhinsiúin. Seolfaidh siad an fhaisnéis sin go leictreonach san fhormáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn V le linn na tréimhse iomláin a n-údaraítear don soitheach an tuinnín gorm a iascach lena linn.

2. Cuirfidh máistrí soithí peas-saighne na tuarascálacha laethúla dá dtagraítear i mír 1 le chéile le haghaidh gach oibríocht iascaireachta, fiú i gcás nárbh ann d'aon ghabháil.

3. Cuirfidh an t-oibritheoir na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 ar aghaidh chuig údaráis an Bhallstáit a bhfuil a bhratach ar foluain ar a chuid soithí ar bhonn laethúil, i gcás soithí peas-saighne agus soithí is faide ná 24 mheádar, faoi 9.00 GMT ar a dhéanaí don lá roimhe sin agus i gcás soithí gabhála eile faoi mheán oíche ar an Luan an tseachtain roimhe sin dar críoch meán oíche GMT ar an Domhnach.

4. Seolfaidh oibreoirí gaistí atá i mbun iascaireacht ghníomhach le haghaidh an tuinnín ghoirm tuarascáil laethúil maidir le gabhálacha a mbeidh an fhaisnéis a leanas ina cuid de: cláruimhir ICCAT, dáta, am, gabhálacha (meáchan agus líon na n-iasc), fiú i gcás nárbh ann d'aon ghabháil. Seolfaidh siad an fhaisnéis sin go leictreonach laistigh de 48 n-uaire san fhormáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn V chuig údaráis a mBallstáit le linn na tréimhse ar fad a bhfuil siad údaraithe dóibh an tuinnín gorm a iascach lena linn.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le gníomhaíochtaí soithí agus gaistí a thaifeadadh agus a thuairisciú de bhun mhíreanna 1 go dtí 4 ***lena n-áirítear de bhun na nIarscríbhinní dá dtagraítear sna míreanna sin.*** Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2).

***[...]***

Airteagal 25

*__[...] T__uarascálacha ar ghabhálacha arna seoladh ag na Ballstáit*

1. Tar éis do gach Ballstát na tuarascálacha maidir le gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 24 a fháil déanfaidh siad iad a chur ar aghaidh go leictreonach agus go pras chuig an gCoimisiún agus soláthróidh siad tuarascálacha seachtainiúla maidir le gabhálacha go pras don Choimisiún maidir le gach soitheach gabhála agus gach gaiste i gcomhréir leis an bhformáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn V. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh ar bhonn seachtainiúil chuig Rúnaíocht ICCAT i gcomhréir leis an bhformáid sna Treoirlínte maidir le sonraí agus faisnéis a éilíonn ICCAT a thíolacadh.

2. Roimh an 15ú lá gach mí, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi na cainníochtaí den tuinnín gorm a gabhadh san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a d'athlastáil soithí iascaireachta nó gaistí a raibh bratach an Bhallstáit lena mbaineann ar foluain orthu nó a bhí cláraithe sa Bhallstát sin, nó a thug siad i dtír, a ghabh siad i ngaistí nó a chuir siad i gcaighean le linn na míosa roimhe sin. Déanfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil a leagan amach de réir an chineáil trealaimh lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le seachghabháil, gabhálacha in iascaigh spóirt agus áineasa agus cásanna nárbh ann d'aon ghabháil. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht ICCAT.

*Airteagal 26*

*Faisnéis maidir le hídiú cuótaí*

1. De bhreis ar fhorálacha Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas nuair a mheastar gur baineadh amach 80% den chuóta a leithroinneadh ar ghrúpa trealaimh dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo.

2. De bhreis ar fhorálacha Airteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas nuair a mheasfar go bhfuil an cuóta a leithroinneadh ar ghrúpa trealaimh dá dtagraítear in Airteagal 10 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo nó ar chomhoibríocht iascaireachta nó ar bhád peas-saighne ídithe.

3. Beidh doiciméadacht oifigiúil in éineacht leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, doiciméadacht lena gcruthaítear an cosc ar iascaireacht nó an glao ar ais chuig calafort a d'eisigh an Ballstát don chabhlach, don ghrúpa trealaimh, don chomhoibríocht iascaireachta nó do na soithí ag a bhfuil cuóta indibhidiúil agus beidh dáta agus am an dúnta curtha in iúl go soiléir.

*Airteagal 27*

*Tuairisciú bliantúil ar ghabhálacha ag na Ballstáit*

1. Faoin 15 Márta gach bliain, ***más infheidhme***, cuirfidh gach Ballstát faisnéis mhionsonraithe chuig an gCoimisiún maidir le gabhálacha ar bith den thuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a rinneadh sa bhliain iascaireachta roimhe sin. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

   (a) ainm agus uimhir ICCAT gach soithigh gabhála;

   (b) tréimhse nó tréimhsí údaraithe gach soithigh gabhála;

   (c) gabhálacha iomlána gach soithigh gabhála fiú i gcás nárbh ann d'aon ghabháil le linn na tréimhse/na dtréimhsí údaraithe;

   (d) an líon iomlán laethanta a bhí gach soitheach gabhála ag iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir le linn na tréimhse/na dtréimhsí údaraithe; agus

   (e) an ghabháil iomlán lasmuigh dá dtréimhse údaraithe (seachghabháil) fiú i gcás nárbh ann d'aon ghabháil.

2. I gcás soithí nach bhfuil údaraithe dul i mbun iascaireacht ghníomhach le haghaidh an tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ach a ghabh an tuinnín gorm mar sheachghabháil, áireofar an fhaisnéis a leanas mar chuid den fhaisnéis a bheidh le cur chuig an gCoimisiún ar an dáta céanna agus atá luaite i mír 1:

   (a) ainm agus uimhir ICCAT nó cláruimhir náisiúnta an tsoithigh, mura bhfuil sé cláraithe le ICCAT; agus

   (b) na gabhálacha iomlána den tuinnín gorm.

3. Cuirfidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún aon fhaisnéis faoi shoithí nach bhfuil cumhdaithe faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 is eol nó a mheastar a bheith ag iascach tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a gheofar faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

## Roinn 3
## gabhálacha agus athlastáil

*Airteagal 28*

*Calafoirt ainmnithe*

1. Ainmneoidh gach Ballstát calafoirt nó ionaid gar don chósta (calafoirt ainmnithe) ina gceadófar an tuinnín gorm a thabhairt i dtír nó a athlastáil.

2. Chun go mbeidh calafort ina chalafort ainmnithe, sonróidh Ballstát an chalafoirt amanna agus ionaid ina gceadófar gabhálacha a thabhairt i dtír nó a athlastáil.

3. Faoin 15 Feabhra gach bliain, seolfaidh gach Ballstát liosta de na calafoirt ainmnithe chuig an gCoimisiún agus cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

4. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht den tuinnín gorm a gabhadh san Atlantach Thoir nó sa Mheánmhuir a thabhairt i dtír nó a athlastáil ó aon soithí iascaireachta in aon ionad seachas calafoirt nó ionaid gar don chósta arna n-ainmniú ag CPCanna agus ag Ballstáit i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2.

*Airteagal 29*

*Tabhairt i dtír*

1. Beidh feidhm ag Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le máistrí shoithí iascaireachta an Aontais is faide ná 12 mhéadar ar fad a áirítear i liosta ICCAT de shoithí dá dtagraítear in Airteagal 19. Seolfar an fógra réamhtheachta faoi Airteagal 17 den Rialachán sin chuig údarás inniúil an Bhallstáit (lena n-áirítear an Ballstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar na soithí) nó an CPC ar mian leo úsáid a bhaint as a chalafoirt nó a shaoráidí tabhairt i dtír.

2. De bhreis air sin, máistrí shoithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú ná 12 mhéadar ar fad san iomlán iad agus atá ar liosta ICCAT dá dtagraítear in Airteagal 19, tabharfaidh siad fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit (lena n-áirítear an Ballstát a bhfuil a bhratach ar foluain ar na soithí) nó don CPC ar mian leo úsáid a bhaint as a chalafoirt nó as a shaoráidí tabhairt i dtír ceithre huaire an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, fógra ina sonrófar ar a laghad an méid seo a leanas:

   (a) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;

   (b) meastachán ar an gcainníocht den tuinnín gorm atá ar bord; agus

   (c) faisnéis maidir leis an limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha.

3. ***[...] Más lú ná turas cheithre huaire an chloig an turas idir an t-iascach agus an calafort, féadfar na cainníochtaí measta den tuinnín gorm a choinnítear ar bord a mhodhnú tráth ar bith roimh theacht chun calafoirt.***

4. Coinneoidh údaráis Bhallstáit an chalafoirt taifead ar gach réamhfhógra a tugadh sa bhliain reatha.

5. Déanfaidh údaráis rialaithe iomchuí an Bhallstáit calafoirt gach gabháil a thabharfar i dtír a rialú ***i gcomhréir le hAirteagal 53(2)*** agus déanfar cigireacht ar chéatadán díobh bunaithe ar chóras measúnaithe riosca a mbeidh cuóta, méid an chabhlaigh agus iarracht iascaireachta ina gcuid de. Beidh na sonraí go léir maidir leis an gcóras rialaithe sin arna nglacadh ag gach Ballstát sonraithe sa phlean cigireachta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 51. Beidh feidhm ag an gcóras rialaithe seo maidir le hoibríochtaí saothraithe chomh maith.

***6. [...]***

7. De bhreis ar Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ***má rinneadh an tógáil i dtír i gcalafort de chuid Ballstáit eile nó CPC eile***, tíolacfaidh maistrí soithí gabhála de chuid an Aontais , ***[...]*** i ndiaidh gach turas, dearbhú i leith tógáil i dtír***: chuig údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt nó an CPC lena mbaineann.***

   ***a) [...]***

   ***b) [...]***

***8. [...]***

*Airteagal 30*

*Athlastáil*

1. ***[...] B***eidh toirmeasc i ngach imthoisc ar athlastáil tuinnín ghoirm ar muir i ***[...] limistéar an Choinbhinsiúin.***

2. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta gabhálacha den tuinnín gorm a athlastáil ach sna calafoirt ainmnithe faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 28.

3. Áiritheoidh Ballstát an chalafoirt go mbeidh cigireacht iomlán ar siúl gach uair agus i ngach ionad ina mbíonn gabhálacha á n-athlastáil.

4. Sula dtiocfaidh siad isteach in aon chalafort, agus 48 n-uaire ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, cuirfidh máistrí nó ionadaithe na soithí iascaireachta glactha an méid seo a leanas ar fáil d'údaráis inniúla an Bhallstáit nó an CPC ar mian leo úsáid a bhaint as a chalafort:

   (a) dáta, am agus an calafort a mheastar a bhainfear amach;

   (b) meastachán ar an gcainníocht den tuinnín gorm atá ar bord, agus faisnéis maidir leis an limistéar geografach inar gabhadh é;

(c) ainm an tsoithigh iascaireachta athlastála agus uimhir an tsoithigh sin ar thaifead ICCAT maidir le soithí gabhála atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach go gníomhach nó ar thaifead ICCAT ar gach soitheach iascaireachta eile atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir;

(d) ainm an tsoithigh iascaireachta glactha, uimhir an tsoithigh sin ar thaifead ICCAT maidir le soithí gabhála atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach go gníomhach nó ar thaifead ICCAT ar gach soitheach iascaireachta eile atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir; agus

(e) tonnáiste agus an limistéar geografach inar gabhadh an tuinnín gorm atá le hathlastáil.

5. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta athlastáil a dhéanamh mura mbíonn údarú faighte acu roimh ré óna Stát brataí.

6. Sula gcuirfear tús leis an athlastáil, cuirfidh máistrí soithí iascaireachta athlastála a Stát brataí ar an eolas maidir leis an méid a leanas:

(a) na cainníochtaí den tuinnín gorm atá le hathlastáil;

(b) an dáta agus calafort an athlastála;

(c) ainm, cláruimhir agus bratach an tsoithigh iascaireachta glactha agus uimhir an tsoithigh sin ar thaifead ICCAT maidir le soithí gabhála atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach go gníomhach nó ar thaifead ICCAT maidir le gach soitheach iascaireachta eile atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach; agus

(d) an limistéar geografach inar gabhadh an tuinnín gorm.

7. Déanfaidh údaráis an Bhallstáit cigireacht ar gach athlastáil ag an gcalafort ainmnithe. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit an méid a leanas:

(a) cigireacht ar an soitheach iascaireachta glactha ar theacht isteach dó agus seiceáil ar an lasta agus na doiciméid a bhaineann leis an oibríocht athlastála;

(b) seolfaidh sé taifead ar an athlastáil chuig údarás Stát brataí an tsoithigh iascaireachta athlastála, laistigh de 5 lá tar éis deireadh a chur leis an athlastáil.

8. ***[...]*** Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta an Aontais ***[...] dearbhú athlastála a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.*** Déanfar an dearbhú sin a tharchur ***[...]*** i gcomhréir leis an bhformáid atá leagtha síos in Iarscríbhinn III.

**Roinn 4**
**Oibríochtaí aistrithe**

*Airteagal 31*

*Údarú aistrithe*

1. Sula ndéanfar aon oibríocht aistrithe, déanfaidh máistir soithigh gabhála nó oibreoir na feirme nó an ghaiste as a dtionscnaíonn an t-aistriú i dtrácht, réamhfhógra um aistriú a sheoladh chuig údaráis inniúla a mBallstáit agus tabharfar an méid seo a leanas le fios sa réamhfhógra sin:

   (a) ainm an tsoithigh gabhála, an tsoithigh tarraingthe, na feirme nó an ghaiste agus cláruimhir ICCAT;

   (b) an t-am a mheastar a dhéanfar an t-aistriú;

   (c) meastachán ar an méid den tuinnín gorm atá le haistriú;

   (d) faisnéis faoin suíomh (domhanleithead/domhanfhad) ina ndéanfar an t-aistriú mar aon le huimhreacha so-aitheanta na gcaighean;

   (e) ainm an tsoithigh tarraingthe glactha, líon na gcaighean a tarraingíodh agus an chláruimhir ICCAT más iomchuí;

   (f) an calafort, an fheirm nó an caighean a bheidh ina cheann scríbe ag an tuinnín gorm.

2. Chun na críche sin, déanfar uimhir aitheantais uathúil a shainiú le haghaidh gach caighin. Déanfar uimhreacha a eisiúint i gcomhréir le córas uimhrithe uathúil ina mbeidh trí uimhir ag leanúint na 3 litir alfa-chóid a fhreagraíonn do bhratach na soithí tarraingthe.

3. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta, feirmeacha ná gaistí aistriú a dhéanamh mura mbeidh údarú faighte acu roimh ré óna mBallstát. I gcás gach oibríocht aistrithe, is iad údaráis an Bhallstáit fhreagraigh a chinnfidh cibé an ndeonóidh siad údarú nó nach ndeonóidh. Chun na críche sin, déanfar uimhir aitheantais uathúil a shainiú i gcomhair gach oibríocht aistrithe agus déanfar an uimhir sin a chur in iúl do mháistir an tsoithigh iascaireachta, d'oibreoir an ghaiste nó d'oibreoir na feirme, de réir mar is iomchuí. I gcás ina ndeonófar údarú, beidh san uimhir sin cód trí litir an Bhallstáit, na ceithre uimhir a léireoidh an bhliain agus na trí litir 'AUT', (údarú), agus uimhreacha seicheamhacha ina ndiaidh. I gcás ina ndiúltófar údarú, beidh san uimhir sin na trí litir de chód an Bhallstáit, na ceithre uimhir a léireoidh an bhliain agus na trí litir 'NEG', (gan údarú), agus uimhreacha seicheamhacha ina ndiaidh.

4. I gcás ina bhfaighidh éisc bás le linn na hoibríochta aistrithe, leanfaidh na Ballstáit freagracha agus na hoibreoirí a bhí páirteach san aistriú ar aghaidh i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn XII.

5. Faoi cheann 48 uair an chloig tar éis an réamhfhógra um aistriú a bheith curtha isteach, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an soitheach gabhála, an soitheach tarraingthe, an fheirm nó an gaiste, an t-údarú aistrithe a dheonú nó a dhiúltú, de réir mar is iomchuí.

6. Ní dhéanfaidh an t-údarú aistrithe a thabharfaidh an Ballstát freagrach réamhbhreith ar an údarú an tuinnín gorm a chur i gcaighean.

*Airteagal 32*

*Údarú aistrithe a dhiúltú*

1. An Ballstát atá freagrach as an soitheach, an gaiste nó an fheirm, ní údaróidh sé an t-aistriú má mheasann sé, tar éis an réamhfhógra um aistriú a fháil:

(a) nach bhfuil a dhóthain de chuóta ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste a bhfuil sé dearbhaithe gurbh é a ghabh na héisc;

(b) nach bhfuil an méid iasc tuairiscithe go cuí ag an soitheach gabhála nó ag oibreoir an ghaiste nó nár údaraíodh an méid sin iasc a chur i gcaighean, nó nár cuireadh an méid sin iasc san áireamh maidir le hídiú an chuóta a fhéadfaidh a bheith infheidhme;

(c) nach bhfuil an soitheach gabhála nó an gaiste a bhfuil sé dearbhaithe gurbh é a ghabh na héisc údaraithe an tuinnín gorm a iascach; nó

(d) nach bhfuil an soitheach tarraingthe a dearbhaíodh gurb é atá chun an t-aistriú iasc a ghlacadh cláraithe i dtaifead ICCAT ar na soithí iascaireachta eile ar fad (seachas soithí gabhála) atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach agus dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(b), nó nach bhfuil Córas um Fhaireachán Soithí (VMS) feistithe air.

2. I gcás nach n-údaraítear an t-aistriú:

(a) déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an soitheach gabhála nó an gaiste ordú scaoilte a eisiúint chuig máistir an tsoithigh gabhála nó oibreoir an ghaiste nó oibreoir na feirme de réir mar is iomchuí agus cuirfidh an Ballstát ar an eolas iad nach bhfuil an t-aistriú údaraithe agus nach mór na héisc a scaoileadh ar ais san fharraige;

(b) scaoilfidh máistir an tsoithigh gabhála, oibreoir na feirme nó oibreoir an ghaiste, de réir mar is iomchuí, na héisc ar ais san fharraige;

(c) scaoilfear an tuinnín gorm i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 33*

*Faireachán le físcheamara*

1. I gcás oibríochtaí aistrithe, áiritheoidh máistir an tsoithigh gabhála, an tsoithigh tarraingthe, oibreoir na feirme nó oibreoir an ghaiste a aistríonn an tuinnín gorm, go ndéanfar faireachán ar na hoibríochtaí aistrithe le físcheamara san uisce, d'fhonn líon na n-iasc atá á n-aistriú a fhíorú. Beidh íoschaighdeáin agus nósanna imeachta an fhístaifeadta i gcomhréir le hIarscríbhinn IX.

2. Áiritheoidh gach Ballstát atá freagrach as an soitheach, an gaiste nó an fheirm go gcuirfear na fístaifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do chigirí agus do bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT.

3. Áiritheoidh gach Ballstát atá freagrach as feirm go gcuirfear na fístaifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do chigirí an Aontais agus do bhreathnóirí náisiúnta.

4. Déanfaidh gach Ballstát atá freagrach as an soitheach, an gaiste nó an fheirm na bearta is iomchuí le go ndéanfar aon athsholáthar, eagarthóireacht nó ionramháil ar an bhfístaifead bunaidh a sheachaint.

*Airteagal 34*

*An fíorú a dhéanfaidh breathnóirí réigiúnacha ICCAT agus imscrúdú a thionscnamh agus a dhéanamh*

1. Breathnóirí réigiúnacha de chuid ICCAT a bheidh ar bord an tsoithigh gabhála nó i láthair ag gaiste, dá dtagraítear i gClár Breathnóirí Réigiúnacha ICCAT atá leagtha amach in Airteagal 49 agus in Iarscríbhinn VII, déanfaidh siad na hoibríochtaí aistrithe a rinneadh a thaifeadadh agus a thuairisciú, breathnóidh siad ar na gabhálacha a aistríodh agus déanfaidh siad meastachán orthu agus déanfaidh siad iontrálacha a fhíorú sa réamhúdarú aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 31 agus i ndearbhú aistrithe ICCAT dá dtagraítear in Airteagal 36.

2. I gcás ina bhfuil an difríocht níos mó ná 10 % idir na meastacháin gabhála ar líon na n-iasc atá déanta ag breathnóir réigiúnach ICCAT, na húdaráis rialaithe iomchuí agus/nó maistrí an tsoithigh gabhála nó ionadaí an ghaiste, nó i gcás nach leor caighdeán nó soiléireacht an taifeadta físe chun na meastacháin sin a dhéanamh, tionscnóidh an Ballstát atá freagrach as an soitheach gabhála, as an bhfeirm nó as an ngaiste imscrúdú a chuirfear i gcrích sula gcuirfear na héisc i gcaighean ar an bhfeirm nó i gcás ar bith laistigh de 96 huaire tar éis an t-imscrúdú a thionscnamh. Ní údarófar an cur i gcaighean go dtí go bhfaighfear torthaí an imscrúdaithe sin agus ní dhéanfar an roinn a bhaineann le gabháil ar an BCD a bhailíochtú.

3. I gcás nach bhfuil caighdeán nó soiléireacht an fhístaifid ard go leor chun meastachán a dhéanamh ar an líon, áfach, féadfaidh an t-oibreoir iarraidh ar udaráis stát brataí an tsoithigh, an ghaiste nó na feirme oibríocht aistrithe nua a dhéanamh agus an fístaifeadadh comhfhreagrach a sholáthar do bhreathnóir réigiúnach ICCAT.

4. Gan dochar do na fíoruithe a dhéanann cigire, ní shíneoidh breathnóir réigiúnach ICCAT dearbhú aistrithe ICCAT ach i gcás ina bhfuil a thuairimí i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT agus ina bhfuil an fhaisnéis ar an dearbhú aistrithe i gcomhréir leis an mbreathnóireacht a rinne sé agus fístaifead comhlíontach ann freisin faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 33(1). Síneoidh siad an dearbhú sin le hainm agus uimhir ICCAT a bheidh scríofa amach go soiléir.

5. Fíoróidh breathnóirí réigiúnacha ICCAT chomh maith go ndéanfar dearbhú aistrithe ICCAT a chur ar aghaidh chuig máistir an tsoithigh tarraingthe nó ionadaí na feirme nó an ghaiste.

*Airteagal 35*

*Bearta chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar mheáchan an tuinnín ghoirm atá le cur i gcaighean*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta agus na gníomhaíochtaí is gá chun níos mó staidéir a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí lenar féidir meastachán níos fearr a dhéanamh ar líon agus ar mheáchan an tuinnín ghoirm ag an bpointe gabhála agus ag an bpointe ag a gcuirtear i gcaighean é. Faoin 22 Lúnasa gach bliain, déanfaidh gach Ballstát na bearta sin a rinneadh a thuairisciú don Choimisiún agus cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar aghaidh chuig SCRS.

*Airteagal 36*

*Dearbhú aistrithe*

1. Faoi dheireadh na hoibríochta aistrithe, déanfaidh máistrí soithí gabhála nó soithí tarraingthe, oibreoirí gaiste nó oibreoirí feirme dearbhú aistrithe ICCAT a chomhlánú agus a chur chuig údaráis inniúla a mBallstáit, i gcomhréir leis an bhformáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV.

2. Déanfaidh údaráis an Bhallstáit atá freagrach as na soithí, as na feirmeacha nó as na gaistí as a dtionscnaíonn na haistrithe sin, foirmeacha maidir le dearbhú aistrithe a uimhriú. Áireofar sa chóras uimhrithe sin cód trí litir an Bhallstáit, agus ina dhiaidh sin ceithre uimhir a thabharfaidh an bhliain le fios agus trí uimhir sheicheamhacha, a mbeidh na trí litir 'ITD' ina ndiaidh (MS-20**/xxx/ITD).

3. Beidh an dearbhú aistrithe bunaidh ag gabháil leis an aistriú éisc. Coimeádfaidh máistir an tsoithigh gabhála, oibreoir an ghaiste, máistir an tsoithigh tarraingthe nó oibreoir na feirme cóip den dearbhú.

4. Déanfaidh máistrí soithí i mbun oibríochtaí aistrithe (lena n-áirítear soithí tarraingthe) a ngníomhaíochtaí a thaifeadadh i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 37*

*Gníomhartha cur chun feidhme*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir le hoibríochtaí aistrithe faoi Airteagail 31 go dtí 36, ***lena n-áirítear faoi na hIarscríbhinní dá dtagraítear sna hAirteagail sin***. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2).

***[...]***

**Roinn 5**
**Oibríochtaí cur i gcaighean**

*Airteagal 38*

*Údarú maidir le cur i gcaighean*

1. Sula gcuirfear tús le haon oibríocht cur i gcaighean beidh toirmeasc ar chaighin iompair a chur ar ancaire i ngaireacht 0.5 míle farraige de shaoráidí feirmeoireachta.

2. Sula gcuirfear tús le haon oibríocht cur i gcaighean, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as an bhfeirm a chur in iúl don Bhallstát nó don CPC atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste cé na cainníochtaí a ghabh an soitheach nó an gaiste sin agus iarrfaidh sé údarú maidir le cur i gcaighean.

3. Ní chuirfear tús leis an oibríocht cur i gcaighean gan údarú a fháil roimh ré

   (a) ón CPC nó ón mBallstát atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste, nó

   (b) ón CPC nó ón mBallstát atá freagrach as an bhfeirm má tá comhaontú déanta maidir leis sin idir na Ballstáit nó leis an CPC brataí lena mbaineann.

4. Déanfaidh an Ballstát nó an CPC atá freagrach as an soitheach gabhála, as an ngaiste nó as an bhfeirm, más infheidhme, an t-údarú maidir le cur i gcaighean a dheonú nó a dhiúltiú laistigh d'aon lá oibre tar éis na hiarrata agus thíolacadh na faisnéise dá dtagraítear i mír 2. I gcás nach dtagann aon fhreagairt laistigh d'aon lá oibre, féadfaidh an CPC nó an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm an cur i gcaighean a údarú.

5. Cuirfear an tuinnín gorm i gcaighean roimh an 15 Lúnasa ach amháin má thugann an Ballstát nó an CPC atá freagrach as an bhfeirm a fhaigheann na héisc cúiseanna a bhfuil údar cuí leo. Beidh na cúiseanna sin ag gabháil leis an tuarascáil ar an oibríocht cur i gcaighean.

*Airteagal 39*

*Údarú maidir le cur i gcaighean a dhiúltú*

1. Diúltóidh an Ballstát atá freagrach as an soitheach gabhála, as an ngaiste nó as an bhfeirm más infheidhme an t-údarú maidir le cur i gcaighean, má mheasann sé, tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 38(2) a fháil:

   (a) nach raibh a dhóthain de chuóta i gcomhair an líon den tuinnín gorm a cuireadh i gcaighean ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste ar dearbhaíodh gurbh é a ghabh na héisc sin;

   (b) nach ndearna an soitheach gabhála nó an gaiste an méid iasc a gabhadh a thuairisciú go hiomchuí nó nár cuireadh an méid sin san áireamh agus an cuóta is infheidhme á ríomh;

   (c) nach bhfuil an soitheach gabhála nó an gaiste a bhfuil sé dearbhaithe gurbh é a ghabh na héisc údaraithe an tuinnín gorm a iascach.

2. Mura bhfuil an cur i gcaighean údaraithe, iarrfaidh an Ballstát nó an CPC atá freagrach as an soitheach gabhála ar an mBallstát nó ar an CPC atá freagrach as an bhfeirm na gabhálacha a urghabháil agus na héisc a scaoileadh trí ordú scaoilte a eisiúint.

3. Tar éis dó an t-ordú scaoilte a fháil, rachaidh an t-oibreoir feirme ar aghaidh leis an scaoileadh i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 40*

*Doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm*

Cuirfidh Ballstáit atá freagrach as feirmeacha toirmeasc ar aon tuinnín gorm a chur i gcaighean chun críocha feirmeoireachta mura mbeidh an doiciméadacht a éilíonn ICCAT ag dul leis i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30]. Ní mór don doiciméadacht sin a bheith beacht, comhlánaithe agus dearbhaithe agus bailíochtaithe ag an CPC nó ag údaráis Bhallstáit na soithí gabhála nó na ngaistí.

*Airteagal 41*

*Cigireachtaí*

Déanfaidh Ballstáit atá freagrach as feirmeacha na bearta is gá maidir le cigireacht a dhéanamh ar gach oibríocht cur i gcaighean ar na feirmeacha.

---

**30** Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle (IO L 194, 24.7.2010, lch.1).

*Airteagal 42*

*Faireachán le físcheamara*

1. Áiritheoidh gach Ballstát atá freagrach as an bhfeirm go ndéanfar faireachán ar oibríochtaí cur i gcaighean le físcheamara san uisce. Déanfar fístaifead i gcomhair gach oibríocht cur i gcaighean i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn IX.

2. Áiritheoidh gach Ballstát atá freagrach as an bhfeirm go gcuirfear na fístaifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do chigirí agus do bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT.

3. Áiritheoidh gach Ballstát atá freagrach as an bhfeirm go gcuirfear na fístaifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do chigirí an Aontais agus do bhreathnóirí náisiúnta.

4. Déanfaidh gach Ballstát atá freagrach as an bhfeirm na bearta is iomchuí le go ndéanfar aon athsholáthar, eagarthóireacht nó ionramháil ar an bhfístaifead bunaidh a sheachaint.

*Airteagal 43*

*Imscrúduithe a thionscnamh agus a dhéanamh*

1. I gcás ina bhfuil an difríocht níos mó ná 10 % idir meastacháin bhreathnóir réigiúnach ICCAT ar líon an tuinnín ghoirm, meastacháin údaráis rialaithe iomchuí an Bhallstáit agus meastacháin oibreoir na feirme, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm, i gcomhair leis an mBallstát atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste, imscrúdú a thionscnamh.

2. Ní dhéanfar aon saothrú ná ní dhéanfar an chuid a bhaineann le feirmeoireacht ar an BCD a bhailíochtú go dtí go bhfaighfear torthaí an imscrúdaithe sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit atá freagrach as an bhfeirm agus as an soitheach gabhála nó as an ngaiste a théann i mbun na n-imscrúduithe úsáid a bhaint as faisnéis eile atá ar fáil acu lena n-áirítear torthaí na gclár dá dtagraítear in Airteagal 44 chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche.

*Airteagal 44*

*Bearta agus cláir chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar mheáchan an tuinnín ghoirm le cur i gcaighean*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta agus na gníomhaíochtaí is gá, dá dtagraítear in Airteagal 35, a ghlacadh.

2. Cuirfear clár a bhaineann úsáid as córais cheamaraí steiréascópacha nó as teicnící eile atá chomh beacht leo i bhfeidhm ar 100% de na hoibríochtaí cur i gcaighean d'fhonn líon agus meáchan na n-iasc atá á gcur i gcaighean le linn gach oibríocht cur i gcaighean a bhraith níos beaichte.

3. Cuirfear an clár sin i bhfeidhm i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Iarscríbhinn X.

4. Cuirfidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm torthaí an chláir sin in iúl don Bhallstát atá freagrach as an soitheach nó as an ngaiste agus don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn X.B. Seolfaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT iad, chun go seolfaidh an rúnaíocht ar aghaidh iad chuig breathnóir réigiúnach ICCAT.

5. I gcás ina léiríonn torthaí an chláir nach ionann líon an tuinnín ghoirm atá á chur i gcaighean agus na cainníochtaí a tuairiscíodh a gabhadh agus a aistríodh, déanfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm, i gcomhar leis an mBallstát atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste, imscrúdú a thionscnamh. Mura gcuirfear críoch leis an imscrúdú faoi cheann 10 lá oibre ó cuireadh na torthaí dá dtagraítear i mír 4 in iúl nó má léiríonn toradh an imscrúdaithe go bhfuil líon nó meánmheáchan an tuinnín ghoirm níos airde ná an líon nó an meánmheáchan a tuairiscíodh a gabhadh agus a aistríodh, déanfaidh an CPC brataí nó údaráis Bhallstát an tsoithigh gabhála nó an ghaiste ordú scaoilte a eisiúint maidir leis an líon agus/nó an meáchan atá iomarcach nach mór a scaoileadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Iarscríbhinn XI.

6. I gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Iarscríbhinn X.B.3 agus tar éis an scaoilte, más infheidhme, déanfar na cainníochtaí a tuairiscíodh faoin gclár a úsáid chun:

   a) na figiúirí gabhála deireanacha a bheidh le baint as an gcuóta náisiúnta a chinneadh

   b) na figiúirí sin a chur sna dearbhuithe maidir le cur i gcaighean agus sna rannáin ábhartha den BCD.

7. Faoin 30 Lúnasa gach bliain, déanfaidh gach Ballstát atá freagrach as an bhfeirm torthaí na gclár sin a thuairisciú don Choimisiún agus cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar aghaidh chuig SCRS.

8. Ní dhéanfar tuinnín gorm beo a aistriú ó chaighean feirmeoireachta amháin go dtí caighean feirmeoireachta eile mura mbeidh sé údaraithe agus mura mbeidh údaráis rialaithe Bhallstát na feirme i láthair.

9. I gcás difríocht 10% nó níos mó idir na cainníochtaí den tuinnín gorm a tuairiscíodh a ghabh an soitheach/gaiste agus na cainníochtaí de réir na gceamaraí rialaithe, dá dtagraítear i mír 5 agus in Airteagal 43, beidh neamhchomhlíonadh féideartha an tsoithigh/an ghaiste lena mbaineann i gceist, agus déanfaidh an Ballstát na bearta is gá chun an ghníomhaíocht leantach is iomchuí a áirithiú.

*Airteagal 45*

*Tuarascáil ar an oibríocht cur i gcaighean*

1. Laistigh de sheachtain amháin ó dheireadh na hoibríochta cur i gcaighean, seolfaidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm tuarascáil maidir leis an gcur i gcaighean chuig an mBallstát nó an CPC ar ghabh a shoithí nó a ghaistí an tuinnín gorm agus beidh na heilimintí atá leagtha síos in Iarscríbhinn X.B. sa tuarascáil sin, agus seolfaidh sé an tuarascáil sin chuig an gCoimisiún freisin. Áireofar sa tuarascáil sin chomh maith an fhaisnéis a tugadh sa dearbhú cur i gcaighean mar atá leagtha amach in Airteagal 4b de Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Rialachán sin. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

2. Chun chríoch mhír 1 ní mheasfar deireadh a bheith le haon oibríocht cur i gcaighean go dtí go mbeidh deireadh le haon imscrúdú agus, más infheidhme, le haon ordú scaoilte.

*Airteagal 46*

*Gníomhartha cur chun feidhme*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe d'oibríochtaí cur i gcaighean de bhun Airteagail 38 go dtí 45, ***lena n-áirítear de bhun na nIarscríbhinní dá dtagraítear sna hAirteagail sin.*** Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2).

***[...]***

**Roinn 6**
**Faireachán agus faireachas**

*Airteagal 47*

*Córas um Fhaireachán Soithí*

1. ***De mhaolú ar [...]*** Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, beidh feidhm ag ***an oibleagáid*** a bhaineann leis an ngaireas faireacháin soithí maidir leis na tugaí agus na soithí tarraingthe go léir a áirítear ar thaifead ICCAT ar na soithí dá dtagraítear in Airteagal 19(6), beag beann ar a bhfad.

2. Soithí iascaireachta is mó ná 15 m ar fad atá ar thaifead ICCAT de shoithí gabhála dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(a) nó i dtaifead ICCAT de shoithí eile dá dtagraítear in Airteagal 19(1)(b) den Rialachán seo, tosóidh siad ar shonraí VMS a tharchur chuig ICCAT 15 lá ar a laghad roimh oscailt an tséasúir iascaireachta agus leanfaidh siad leis na sonraí sin a tharchur go ceann 15 lá ar a laghad tar éis chríoch an tséasúir iascaireachta, mura gcuirfear iarraidh roimh ré chuig an gCoimisiún an soitheach a bhaint de thaifead soithí ICCAT.

***3. [...]***

4. Déanfaidh na Ballstáit ***[...] na sonraí mar a fhoráiltear san Airteagal seo iad a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún.*** Cuirfidh an Coimisiún na teachtaireachtaí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

5. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go ndéanfar teachtaireachtaí VMS ó shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún gach dhá uair ar a laghad[...];

(b) i gcás mífheidhm theicniúil ar an VMS, go ndéanfar teachtaireachtaí malartacha ó na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a fuarthas faoi Airteagal 2***5***(1) de ***Rialachán*** (AE) Uimh. 404/2011 a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún laistigh de 24 huaire i ndiaidh dá n-Ionaid Faireacháin Iascaigh iad a fháil;

***c) [...]***

***(d) [...]***

***6. [...]***

*Airteagal 48*

*Clár Breathnóirí Náisiúnta*

1. Maidir le soithí atá gníomhach in iascach an tuinnín ghoirm, déanfaidh na Ballstáit na céatadáin seo a leanas ar a laghad de chlúdach breathnóirí náisiúnta a áirithiú:

(a) 20% dá thrálaeir pheiligeacha (is faide ná 15m),

(b) 20% dá shoithí spiléar (is faide ná 15m),

(c) 20% dá bháid bhaoite (is faide ná 15m),

(d) 100% dá shoithí tarraingthe,

(e) 100% dá oibríochtaí saothraithe ó ghaistí.

2. Déanfaidh na Ballstáit doiciméad aitheantais oifigiúil a eisiúint dá mbreathnóirí náisiúnta.

3. Déanfaidh na breathnóirí náisiúnta na tascanna a leanas go háirithe:

(a) faireachán ar an bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag soithí iascaireachta agus ag gaistí;

(b) taifead agus tuairisciú ar an ngníomhaíocht iascaireachta, lena n-áireofar an méid a leanas:

(i) an méid a gabhadh (seachghabháil san áireamh), lena n-áirítear diúscairt speicis, amhail an méid a coinníodh ar bord nó a caitheadh amach marbh nó beo;

(ii) an limistéar gabhála de réir domhanleithid agus domhanfhaid;

(iii) tomhas iarrachta (amhail an líon tacar, an líon duán), mar atá sainithe i Lámhleabhar ICCAT maidir le trealaimh éagsúla;

(iv) dáta na gabhála.

(c) breathnóireacht agus meastachán ar ghabhálacha agus fíorú iontrálacha a chuirtear sa logleabhar;

(d) soithí a d'fhéadfadh bheith i mbun iascaireachta in aghaidh bearta caomhnaithe ICCAT a aimsiú agus taifead a choinneáil orthu.

4. De bhreis air sin, déanfaidh breathnóirí náisiúnta obair eolaíochta, amhail sonraí Thasc II mar atá sainithe ag ICCAT a bhailiú, nuair a éilíonn ICCAT sin, bunaithe ar threoracha ó SCRS.

5. Maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go dtí 4, déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go mbeidh breathnóirí náisiúnta ar a shoithí agus a ghaistí a dhéanfaidh ionadaíocht ama agus spásúil d'fhonn a áirithiú go bhfaighidh an Coimisiún sonraí agus faisnéis leordhóthanach iomchuí maidir leis an ngabháil, an iarracht, agus maidir le gnéithe eolaíochta agus bainistíochta eile, agus gnéithe a bhaineann leis an gcabhlach agus leis na hiascaigh á gcur san áireamh;

(b) a áirithiú go mbeidh prótacail láidre ann maidir le bailiú sonraí;

(c) a áirithiú go mbeidh breathnóirí náisiúnta oilte agus faofa mar is ceart sula rachaidh siad i mbun oibre;

(d) a áirithiú, a mhéid is féidir, go ndéanfar an cur isteach is lú is féidir ar oibríochtaí soithí iascaireachta agus gaistí a bheidh i mbun iascaireachta i limistéar an Choinbhinsiúin.

6. Soláthrófar sonraí agus faisnéis arna mbailiú faoi chlár breathnóirí gach Ballstáit don Choimisiún faoin 15 Iúil gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí agus an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig SCRS agus chuig Rúnaíocht ICCAT, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 49*

*Clár Breathnóirí Réigiúnacha ICCAT*

1. Beidh feidhm ag Clár Breathnóirí Réigiúnacha ICCAT san Aontas mar atá leagtha amach i míreanna 2 go dtí 6 den Airteagal seo agus mar atá sonraithe tuilleadh in Iarscríbhinn VII.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh breathnóir réigiúnach ICCAT i láthair:

   (a) ar gach bád peas-saighne atá údaraithe an tuinnín gorm a iascach;

   (b) gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a aistriú ó bhád peas-saighne;

   (c) gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a aistriú ó ghaistí go dtí caighin iompair;

   (d) gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a chur i gcaighean ar fheirmeacha;

   (e) gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a shaothrú ar fheirmeacha.

3. Ní údarófar do shoithí peas-saighne nach bhfuil breathnóir réigiúnach ICCAT i láthair orthu bheith ag iascaireacht ná a bheith ag oibriú in iascach an tuinnín ghoirm.

4. Ballstáit atá freagrach as feirmeacha, áiritheoidh siad go mbeidh breathnóir réigiúnach ICCAT i láthair gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a chur i gcaighean chomh maith le gach uair a dhéanfar an tuinnín gorm a shaothrú ar na feirmeacha sin.

5. Déanfaidh breathnóirí réigiúnacha ICCAT na tascanna seo a leanas go háirithe:

   ***(a) breathnóireacht agus faireachán ar oibríochtaí iascaireachta agus feirmeoireachta i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistithe ábhartha ICCAT;***

   (b) dearbhuithe aistrithe ICCAT dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo, tuarascálacha ar an oibríocht cur i gcaighean dá dtagraítear in Airteagal 45 den Rialachán seo agus BCDanna a shíniú i gcás ina n-aontaíonn siad go bhfuil an fhaisnéis sna doiciméid sin i gcomhréir leis an mbreathnóireacht a rinne siad,

   (c) obair eolaíochta, amhail samplaí a bhailiú, de réir mar a éilíonn ICCAT, bunaithe ar threoracha ó SCRS.

6. Áiritheoidh an Ballstát brataí nach gcuirfidh máistrí, criúnna, úinéirí feirmeacha, úinéirí gaistí ná úinéirí soithí bac ná imeagla ar bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT atá i mbun a ndualgas ná nach gcuirfidh siad isteach orthu agus áiritheoidh an Ballstát brataí freisin nach n-imreoidh siad tionchar orthu, nach dtabharfaidh siad breab dóibh ná nach ndéanfaidh siad iarracht breab a thabhairt dóibh.

**Roinn 7**
**Cigireachtaí agus cros-seiceálacha**

*Airteagal 50*

*Scéim ICCAT maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta*

1. Beidh feidhm laistigh den Aontas ag Scéim ICCAT maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta atá leagtha síos in Iarscríbhinn VIII.

2. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil a soithí iascaireachta údaraithe an tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a iascach cigirí a cheapadh agus cuirfear cigireachtaí ar muir ar bun faoi scéim ICCAT.

3. I gcás go bhfuil níos mó ná 15 shoitheach iascaireachta de chuid Ballstáit i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an tuinnín gorm i limistéar an Choinbhinsiúin ag aon tráth amháin, déanfaidh an Ballstát sin soitheach cigireachta a chur amach chun críocha cigireachta agus rialú ar muir i limistéar an Choinbhinsiúin feadh na tréimhse a mbeidh na soithí sin sa limistéar sin lena linn. Measfar go mbeidh an oibleagáid comhlíonta i gcás ina gcomhoibríonn Ballstáit le chéile chun soitheach cigireachta a chur amach nó i gcás ina ndéantar soitheach cigireachta de chuid an Aontais a chur amach i limistéar an Choinbhinsiúin.

4. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht a ainmneoidh sé cigirí de chuid an Aontais a shannadh do scéim ICCAT.

5. Déanfaidh an Coimisiún nó comhlacht a ainmneoidh sé na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta a chomhordú don Aontas. Féadfaidh sé, in éineacht leis na Ballstáit ábhartha, cláir chomhchigireachta a leagan síos le cur ar chumas an Aontais a oibleagáid faoi scéim ICCAT a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit a bhfuil a soithí iascaireachta i mbun an tuinnín gorm a iascach na bearta is gá chun cur i bhfeidhm na gclár sin a éascú go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí a úsáidfear na hacmhainní sin agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear iad.

6. Faoin 1 Aibreán gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún ainmneacha na gcigirí agus na soithí cigireachta a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh do scéim ICCAT le linn na bliana. Bainfidh an Coimisiún úsáid as an bhfaisnéis sin gach bliain chun plean maidir le rannpháirtíocht an Aontais i scéim ICCAT a leagan síos, i gcomhar leis na Ballstáit, plean a sheolfaidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT agus chuig na Ballstáit.

*Airteagal 51*

*Pleananna cigireachta a tharchur*

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh gach Ballstát a phleananna cigireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Leagfar na pleananna cigireachta amach i gcomhréir leis:

(a) na cuspóirí, na tosaíochtaí, agus na nósanna imeachta chomh maith le tagarmharcanna le haghaidh gníomhaíochtaí cigireachta atá leagtha amach sa Chlár um Rialú Sonrach agus Cigireacht maidir leis an tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bunaíodh faoi Airteagal 95 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(b) an gclár gníomhaíochta náisiúnta um an tuinnín gorm a rialú san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bunaíodh faoi Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Cuirfidh an Coimisiún na pleananna cigireachta náisiúnta le chéile agus déanfaidh sé iad a chomhtháthú i bplean cigireachta an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún an plean cigireachta ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT, le go bhformhuineoidh ICCAT é, maille leis na pleananna dá dtagraítear in Airteagal 6(1).

*Airteagal 52*

*Oibleagáidí i gcás sáruithe*

1. Déanfaidh an Ballstát brataí an beart atá leagtha amach i mír 2 i gcás a bhfuil na ráitis seo a leanas faoi shoitheach a bhfuil a bhratach ar foluain air fíor:

(a) níor chomhlíon sé a cheanglas tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 23 agus in Airteagal 24 nó

(b) rinne sé sárú ar na forálacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, in Airteagail 89 go dtí 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, i gCaibidil IX de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle.

2. Áiritheoidh an Ballstát brataí go ndéanfar cigireacht fhisiciúil faoina údarás ina gcalafoirt nó go ndéanfaidh duine eile a bheidh ainmnithe aige é i gcás nach bhfuil an soitheach i gceann dá chalafoirt.

*Airteagal 53*

*Cros-seiceáil*

1. Fíoróidh gach Ballstát tuarascálacha na mbreathnóirí agus sonraí VMS, tarchur logleabhar agus faisnéise ábhartha atá taifeadta i logleabhair a shoithí iascaireachta sna doiciméid maidir le haistriú nó athlastáil agus sna doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm i gcomhréir le hAirteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus bainfidh siad úsáid as tuarascálacha cigireachta chomh maith le rudaí eile chuige sin.

2. Déanfaidh gach Ballstát cros-seiceálacha ar gach tabhairt i dtír, athlastáil nó cur i gcaighean idir na cainníochtaí de réir an speicis a taifeadadh i logleabhar an tsoithigh iascaireachta nó idir na cainníochtaí de réir an speicis a taifeadadh ar an dearbhú aistrithe nó athlastála agus na cainníochtaí a taifeadadh ar an dearbhú maidir le gabháil a thabhairt i dtír nó ar an dearbhú maidir le cur i gcaighean, agus aon doiciméid ábhartha eile, amhail sonrasc agus/nó nótaí díolacháin i gcomhréir le hAirteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

## Roinn 8
## Cur ar an margadh

*Airteagal 54*

*Bearta margaidh*

1. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], cuirfear toirmeasc ar an tuinnín gorm ón Atlantach Thoir agus ón Meánmhuir a thrádáil san Aontas, a thabhairt i dtír, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur i gcaighean chun críocha ramhraithe nó feirmeoireachta, a athonnmhairiú nó a athlastáil mura mbeidh na doiciméid bheachta iomlána bhailíochtaithe a cuireadh ar bun leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 agus le hAirteagal 4b de Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 ón gComhairle ag gabháil leis.

2. Beidh toirmeasc ar an tuinnín gorm ón Atlantach Thoir agus ón Meánmhuir a thrádáil san Aontas, a allmhairiú, a thabhairt i dtír, a chur i gcaighean le haghaidh ramhraithe nó feirmeoireachta, a phróiseáil, a onnmhairiú, a athonnmhairiú agus a athlastáil sna cásanna a leanas:

   (a) is soithí iascaireachta nó gaistí de chuid tíre nach bhfuil cuóta, teorainn ghabhála ná cionroinn iarrachta iascaireachta aici do thuinnín gorm ón Atlantach Thoir agus ón Mheánmhuir, faoi théarmaí bhearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT a ghabh an tuinnín gorm, nó

   (b) ba é soitheach iascaireachta nó gaiste a raibh a chuóta indibhidiúil nó a raibh deiseanna iascaireachta de chuid a Bhallstáit ídithe tráth na gabhála a ghabh an tuinnín gorm.

3. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, beidh toirmeasc ar thrádáil Aontais, ar allmhairí, ar thabhairt i dtír, ar phróiseáil agus ar onnmhairí ó fheirmeacha ramhraithe nó feirmeoireachta nach gcomhlíonann na Rialacháin dá dtagraítear i mír 1.

[31] Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtaca le táirgí iascaireachta agus dobharshaothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 55*

*Meastóireacht*

Faoin 15 Meán Fómhair gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo faoi bhráid an Choimisiúin. Faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain, bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme Moladh 14-04 ICCAT faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT.

*Airteagal 56*

*Maoiniú*

***[...] Chun críocha Rialachán CEMI,*** measfar gur plean ilbhliantúil de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bheidh sa phlean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

**Airteagal 57[…]**

**[...]**

**1.** **[...]**

**Airteagal 58[…]**

**[...]**

**1.** **[...]**

**2.** **[...]**

**3.** **[...]**

**4.** **[...]**

**5.** **[...]**

*Airteagal 59*

*Cur chun feidhme*

1. Beidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1380/2013 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

***3.*** ***[...]***

*Airteagal 60*

*Aisghairm*

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 302/2009.

2. Déanfar na tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.

*Airteagal 61*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN I

***Coinníollacha sonracha is infheidhme maidir leis na hiascaigh dá dtagraítear in Airteagal 13(2)***

1. De bhreis ar na forálacha atá leagtha amach in Airteagal 8(3), is é an líon soithí gabhála de chuid an Aontais a bhí páirteach in iascach sonrach ar an tuinnín gorm in 2006 an t-uaslíon bád baoite agus trollála a bheidh údaraithe an tuinnín gorm a iascach san Atlantach Thoir faoi réir na gcoinníollacha sonracha is infheidhme maidir leis an maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(a).

2 De bhreis ar na forálacha atá leagtha amach in Airteagal 8(3), is é an líon soithí gabhála de chuid an Aontais a bhí páirteach in iascach sonrach ar an tuinnín gorm in 2008 an t-uaslíon soithí gabhála a bheidh údaraithe an tuinnín gorm a iascach sa Mhuir Aidriad chun críocha feirmeoireachta faoi réir na gcoinníollacha sonracha is infheidhme maidir leis an maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(b). ***Chun na críche sin, cuirfear san áireamh líon soithí gabhála de chuid na Cróite a bhí páirteach in iascach sonrach ar an tuinnín gorm in 2008.***

3. De bhreis ar na forálacha atá leagtha amach in Airteagal 8(3), is é an líon soithí gabhála de chuid an Aontais a bhí páirteach in iascach sonrach ar an tuinnín gorm in 2008 an t-uaslíon bád baoite, bád spiléar agus bád lámhdhorú a bheidh údaraithe an tuinnín gorm a iascach sa Mheánmhuir faoi réir na gcoinníollacha sonracha is infheidhme maidir leis an maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c).

4. Déanfar an t-uaslíon soithí gabhála arna shocrú i gcomhréir le pointí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn seo a leithroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh agus i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh 1380/2013.

5. Ní leithroinnfear níos mó ná 7% de chuóta an Aontais i dtaca leis an tuinnín gorm idir 8 kg nó 75 cm agus 30 kg nó 115cm ar na soithí gabhála údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(a) agus i bpointe 1 den Iarscríbhinn seo. Déanfar an 7% de chuóta an Aontais a leithroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh agus i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

6. De mhaolú ar Airteagal 13(2)(a), féadfar suas le 100 tona den 7% dá dtagraítear i bpointe 5 den Iarscríbhinn seo a leithroinnt ar bháid bhaoite is lú ná 17 m chun tuinníní gorma 6,4 kg nó 70 cm a ghabháil.

7. An uas-leithroinnt de chuóta an Aontais ar Bhallstáit le haghaidh iascaireacht faoi réir na gcoinníollacha sonracha is infheidhme faoin maolú dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(b) agus i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo, déanfar í a shocrú i gcomhréir leis an gConradh agus le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh 1380/2013.

8. Ní leithroinnfear níos mó ná 2% de chuóta an Aontais i dtaca le tuinníní gorma idir 8 kg nó 75 cm agus 30 kg nó 115cm ar na soithí gabhála údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c) agus i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo. Déanfar an cuóta sin a leithroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh agus i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

9. Gach Ballstát a bhfuil a bháid bhaoite, a bháid spiléar, a bháid lámhdhorú agus a bháid trollála údaraithe an tuinnín gorm a iascach i gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, leagfaidh siad amach na ceanglais seo a leanas maidir le clibeanna eireabaill:

   (a) déanfar clib eireabaill a ghreamú de gach tuinnín gorm a luaithe a dhíluchtófar é;

   (b) baineann uimhir aitheantais uathúil le gach clib eireabaill agus beidh an uimhir sin ar gach doiciméad staidrimh maidir leis an tuinnín gorm agus déanfar í a scríobh lasmuigh d'aon phacáiste ina bhfuil tuinnín.

# IARSCRÍBHINN II

*CEANGLAIS MAIDIR LE LOGLEABHAIR*

## A – SOITHÍ GABHÁLA

**Íos-sonraíochtaí maidir le logleabhair iascaireachta:**

1. beidh an logleabhar uimhrithe de réir na bileoige;
2. déanfar an logleabhar a chomhlánú gach lá (meán oíche) nó sula mbainfear an calafort amach;
3. déanfar an logleabhar a chomhlánú i gcás cigireachtaí ar muir;
4. coinneofar cóip amháin de na bileoga i gceangal leis an logleabhar;
5. coinneofar logleabhair ar bord ar feadh bliain amháin d'oibríochtaí.

**An t-íosmhéid faisnéise caighdeánaí le bheith i logleabhair iascaireachta:**

1. ainm agus seoladh an mháistir;
2. dátaí agus ainmneacha na gcalafort ar imigh an bád astu, dátaí agus ainmneacha na gcalafort ar tháinig an bád i dtír iontu;
3. ainm an tsoithigh, an cláruimhir, uimhir ICCAT, an glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta agus uimhir IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) (má tá sí ar fáil).
4. trealamh iascaireachta:
   (a) cód EBT (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) le cur isteach;
   (b) toisí (e.g. fad, méid mogaill, líon duán);
5. oibríochtaí ar muir le haon líne amháin (ar a laghad) in aghaidh gach lá den turas, lena sonrófar:
   (a) an cineál gníomhaíochta (e.g. iascaireacht, gluaiseacht);
   (b) suíomh: déanfar suíomh beacht a thaifeadadh gach lá (i gcéimeanna agus i nóiméid) in aghaidh gach oibríocht iascaireachta nó um nóin i gcás nach ndearnadh aon iascaireacht an lá sin;

(c) taifead ar ghabhálacha lena n-áirítear:

(1) Cód EBT

(2) an meáchan slánaithe i gcileagraim in aghaidh an lae;

(3) an líon píosaí in aghaidh an lae

I gcás báid peas-saighne, ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh i gcomhair gach oibríocht iascaireachta lena n-áirítear i gcás nárbh ann d'aon ghabháil

6. síniú an mháistir;
7. an modh chun meáchan a thomhas: meastachán, meá ar bord;
8. beomheáchan coibhéiseach na n-iasc a choinnítear sa logleabhar agus luaitear ann na fachtóirí coinbhéartachta a úsáideadh sa mheastóireacht.

**An t-íosmhéid faisnéise le bheith i logleabhair iascaireachta i gcás tabhairt i dtír nó athlastála:**

1. dátaí agus ainm an chalafoirt inar tugadh an ghabháil éisc i dtír nó inar athlastáladh í;
2. táirgí:

   (a) an speiceas agus cur i láthair de réir chód EBT;

   (b) líon na n-iasc nó na mboscaí agus an chainníocht i gcileagraim;
3. síniú an mháistir nó ghníomhaire an tsoithigh;
4. i gcás athlastála: ainm an tsoithigh glactha, a bhratach agus a uimhir ICCAT.

**An t-íosmhéid faisnéise le bheith i logleabhair iascaireachta i gcás aistriú i gcaighean:**

1. Dáta, am agus suíomh (domhanleithead / domhanfhad) aistrithe
2. Táirgí:

   (a) Sainaithint speicis de réir chód EBT

   (b) Líon na n-iasc agus an chainníocht i gcileagraim a aistríodh i gcaighean,
3. Ainm an tsoithigh tarraingthe, a bhratach agus a uimhir ICCAT
4. Ainm na feirme cinn scríbe agus a huimhir ICCAT
5. I gcás comhoibríocht iascaireachta, de breis ar an bhfaisnéis atá leagtha síos i bpointí 1 go dtí 4, déanfaidh an máistir an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ina logleabhar:

(a) maidir leis an soitheach gabhála atá i mbun na héisc a aistriú i gcaighean:

– an líon gabhálacha a tugadh ar bord

– an líon gabhálacha arna chomhaireamh in aghaidh a chuóta indibhidiúil,

– ainmneacha na soithí eile a bhí páirteach sa chomhoibríocht iascaireachta;

(b) maidir leis na soithí gabhála eile a bhí páirteach sa chomhoibríocht iascaireachta chéanna ach nach raibh baint acu le haistriú na n-iasc:

– ainmneacha na soithí sin, a nglao-chomharthaí raidió idirnáisiúnta agus a n-uimhreacha ICCAT,

– nár tugadh aon ghabhálacha ar bord nó nár aistríodh iad i gcaighean,

– an líon gabhálacha arna chomhaireamh in aghaidh a gcuótaí indibhidiúla,

– ainm agus uimhir ICCAT an tsoithigh gabhála dá dtagraítear in (a).

**B – Soithí Tarraingthe**

1. Déanfaidh máistir soithigh tarraingthe an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ina logleabhar laethúil: an dáta, an t-am agus an suíomh aistrithe, na cainníochtaí a aistríodh (líon na n-iasc agus an chainníocht i gcileagraim), uimhir an chaighin, chomh maith le hainm, bratach agus uimhir ICCAT an tsoithigh gabhála, ainm agus uimhir ICCAT aon soithigh/aon soithí eile a bhí páirteach, ainm agus uimhir ICCAT na feirme cinn scríbe, agus uimhir dearbhúcháin aistrithe ICCAT.

2. Déanfar aistrithe eile chuig soithí coimhdeachta nó chuig soitheach tarraingthe eile a thuairisciú agus tabharfar an fhaisnéis chéanna agus atá i bpointe 1 chomh maith le hainm, bratach agus uimhir ICCAT an tsoithigh coimhdeachta nó tarraingthe agus a n-uimhir dearbhúcháin aistrithe ICCAT.

3. Beidh mionsonraí na n-aistrithe ar fad a rinneadh le linn an tséasúir iascaireachta sa logleabhar laethúil. Coimeádfar an logleabhar laethúil ar bord agus beidh sé le fáil tráth ar bith chun críocha rialaithe.

**C – Soithí Coimhdeachta**

1. Déanfaidh an máistir ar shoitheach coimhdeachta na gníomhaíochtaí a thaifeadadh go laethúil ina logleabhar lena n-áirítear an dáta, an t-am agus an suíomh, na cainníochtaí den tuinnín gorm a tugadh ar bord, agus ainm an tsoithigh iascaireachta, na feirme nó an ghaiste lena bhfuil sé ag oibriú.

2. Beidh mionsonraí na ngníomhaíochtaí ar fad a rinneadh le linn an tséasúir iascaireachta sa logleabhar laethúil. Coimeádfar an logleabhar laethúil ar bord agus beidh sé le fáil tráth ar bith chun críocha rialaithe.

**D – Soithí Próiseála**

1. Déanfaidh an máistir ar shoitheach próiseála an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ina logleabhar laethúil: dáta, am agus suíomh na ngníomhaíochtaí agus na cainníochtaí a athlastáladh agus an líon agus an meáchan den tuinnín gorm a fuarthas ó fheirmeacha, ó ghaistí nó ó shoithí gabhála más infheidhme. Ba cheart dó ainmneacha agus uimhreacha ICCAT na bhfeirmeacha, na ngaistí nó an tsoithigh gabhála sin a thuairisciú chomh maith.

2. Coinneoidh máistir soithigh próiseála logleabhar próiseála laethúil ina sonrófar meáchan slánaithe agus líon na n-iasc a aistríodh nó a athlastáladh, an fachtóir coinbhéartachta a úsáideadh, na meáchain agus na cainníochtaí de réir chur i láthair an táirge.

3. Coinneoidh máistir soithigh próiseála plean stuála ina sonrófar ionad agus cainníochtaí gach speicis agus gach cur i láthair.

4. Beidh mionsonraí na n-athlastálacha ar fad a rinneadh le linn an tséasúir iascaireachta sa logleabhar laethúil. Coimeádfar an logleabhar laethúil, an logleabhar próiseála, an plean stuála agus leaganacha bunaidh dearbhuithe athlastála ICCAT ar bord agus beidh siad le fáil tráth ar bith chun críocha rialaithe.

# IARSCRÍBHINN III

## Doiciméad Uimh. Dearbhú Athlastála ICCAT

| **Soitheach iompair** | **Soitheach iascaireachta** | Ceann scríbe: |
|---|---|---|
| Ainm an tsoithigh agus a ghlao-chomhartha raidió: | Ainm an tsoithigh agus a ghlao-chomhartha raidió: | Calafort: |
| Bratach: | Bratach: | Tír: |
| Uimh. údarúcháin an Stáit bratai: | Uimh. údarúcháin an Stáit bratai: | Stát: |
| Cláruimhir Náisiúnta | Cláruimhir Náisiúnta | |
| Cláruimhir ICCAT | Cláruimhir ICCAT | |
| Uimh. IMO | Sainaithint sheachtrach: | |
| | Uimh. bileoige an logleabhair iascaireachta: | |

LáMíAm Bliain |2_|0_|__|__| Ainm Mháistir an tsoithigh iascaireachta: Ainm Mháistir an tsoithigh iompair:

Imeacht |__|__| |__|__| |__|__| Ó: |__________|

Filleadh |__|__| |__|__| |__|__| Ar: |__________| Síniú: Síniú:

Athlastáil |__|__| |__|__| |__|__| |__________|

I gcás athlastála, tabhair le fios an meáchan i gcileagraim nó san aonad a úsáideadh (e.g. bosca, ciseán) agus an meáchan a tugadh i dtír san aonad sin i gcileagraim: |___| cileagram.

SUÍOMH AN ATHLASTÁLA

| *Calafort* | *Muir*<br><br>*Domhanleithead* | *Speiceas* | *Líon aonad*<br><br>*iasc* | *Cineál*<br><br>*táirge beo* | *Cineál*<br><br>*táirge iomlán* | *Cineál*<br><br>*táirge glanta* | *Cineál*<br><br>*táirge gan cheann* | *Cineál*<br><br>*táirge filléadaithe* | *Cineál*<br><br>*táirge* | Athlastálacha breise<br><br>Dáta: Áit/Suíomh: |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | *Domhanfhad* | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

Uimh. údarúcháin PC:

Síniú Mháistir shoitheach an aistrithe:

Ainm an tsoithigh glactha:

Bratach:

Cláruimhir ICCAT

Uimh. IMO

Síniú an mháistir:

Dáta: Áit/Suíomh:

Uimh. údarúcháin PC:

Síniú mháistir shoitheach an aistrithe:

Ainm an tsoithigh glactha:

Bratach:

Cláruimhir ICCAT

Uimh. IMO

Síniú an mháistir:

Oibleagáidí i gcás athlastála:

1. Soláthrófar leagan bunaidh an dearbhaithe athlastála don soitheach glactha (próiseála/iompair).

2. Coimeádfar cóip den dearbhú athlastála ar an soitheach gabhála nó an gaiste comhfhreagrach.

3. Déanfaidh an CPC iomchuí a thug údarú don soitheach dul i mbun oibríochta aon oibríochtaí breise athlastála a údarú.

4. Ní mór don soitheach is faighteoir a bhfuil na héisc ina sheilbh aige leagan bunaidh an dearbhaithe athlastála a choimeád go dtí an áit ina dtugtar an ghabháil éisc i dtír.

5. Coimeádfar taifead ar an oibríocht athlastála i logleabhar aon soithigh atá páirteach san oibríocht.

## IARSCRÍBHINN IV

| **Uimh. doiciméid** | **Dearbhú ICCAT um Aistriú** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1 - AISTRIÚ TUINNÍN GHOIRM CHUN CRÍOCHA FEIRMEOIREACHTA** | | | | |
| Ainm an tsoithigh iascaireachta:<br><br>Glao-chomhartha:<br><br>Bratach:<br><br>Uimh. údarúcháin aistrithe an Stáit brataí<br><br>Cláruimhir ICCAT:<br><br>Sainaithint sheachtrach:<br><br>Uimh. an logleabhair iascaireachta<br><br>Uimh. comhoib. iascaireachta: | Ainm an ghaiste:<br><br>Cláruimhir ICCAT: | | Ainm an tsoithigh tuga:<br><br>Glao-chomhartha:<br><br>Bratach:<br><br>Cláruimhir ICCAT:<br><br>Sainaithint sheachtrach: | Ainm na feirme cinn scríbe:<br><br>Cláruimhir ICCAT:<br><br>Uimhir an chaighin: |
| **2 - FAISNÉIS FAOI AISTRIÚ** | | | | |
| Dáta:_ _ / _ _ / _ _ _ _ | Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad: | | | |
| Líon iasc: | | Speiceas: | ***Meáchan:*** | |
| Cineál táirge: Beo ☐ Iomlán ☐ Glanta ☐ Eile (Sonraigh): | | | | |

<table>
<tr><td colspan="3">Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh iascaireachta / oibreoir an ghaiste / oibreoir na feirme:</td><td colspan="2">Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha (tarraingthe, próiseála, iompair):</td><td>Ainmneacha na mbreathnóirí, Uimh. ICCAT agus síniú:</td></tr>
<tr><td colspan="6"></td></tr>
<tr><td colspan="6">3 - AISTRITHE EILE</td></tr>
<tr><td>Dáta:_ _ / _ _ / _ _ _ _</td><td colspan="5">Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:</td></tr>
<tr><td>Ainm an tsoithigh tuga:</td><td colspan="3">Glao-chomhartha:</td><td>Bratach:</td><td>Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
<tr><td>Uimh. údarúcháin aistrithe stát na feirme:</td><td colspan="3">Sainaithint sheachtrach:</td><td colspan="2">Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:</td></tr>
<tr><td>Dáta:_ _ / _ _ / _ _ _ _</td><td colspan="5">Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:</td></tr>
<tr><td>Ainm an tsoithigh tuga:</td><td colspan="3">Glao-chomhartha:</td><td>Bratach:</td><td>Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
<tr><td>Uimh. údarúcháin aistrithe stát na feirme:</td><td colspan="3">Sainaithint sheachtrach:</td><td colspan="2">Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:</td></tr>
<tr><td>Dáta:_ _ / _ _ / _ _ _ _</td><td colspan="5">Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:</td></tr>
<tr><td>Ainm an tsoithigh tuga:</td><td colspan="3">Glao-chomhartha:</td><td>Bratach:</td><td>Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
<tr><td>Uimh. údarúcháin aistrithe stát na feirme:</td><td colspan="3">Sainaithint sheachtrach:</td><td colspan="2">Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| **4 – CAIGHIN SCOILTE** | | | |
| Uimhir an chaighin deontóra: | Kg: | An líon iasc: | |
| Ainm an tsoithigh tuga deontóra: | Glao-chomhartha: | Bratach: | Cláruimhir ICCAT: |
| Uimhir an chaighin glactha: | Kg: | An líon iasc: | |
| Ainm an tsoithigh tuga glactha: | Glao-chomhartha: | Bratach: | Cláruimhir ICCAT: |
| Uimhir an chaighin glactha: | Kg: | An líon iasc: | |
| Ainm an tsoithigh tuga glactha: | Glao-chomhartha: | Bratach: | Cláruimhir ICCAT: |
| Uimhir an chaighin glactha: | Kg: | An líon iasc: | |
| Ainm an tsoithigh tuga glactha: | Glao-chomhartha: | Bratach: | Cláruimhir ICCAT: |

**IARSCRÍBHINN V**

| *Foirm maidir le tuairisciú gabhála* | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bratach: | Uimhir ICCAT | Ainm an tsoithigh | Dáta tosaigh na tuarascála | Dáta deiridh na tuarascála | Fad ama na tuarascála (d) | Dáta gabhála | Suíomh na gabhála | | An méid a gabhadh | | | Meáchan luaite i gcás comhoibríocht iascaireachta (kg) |
| | | | | | | | Domhanleithead | Domhanfhad | Meáchan (kg) | Líon píosaí | Meánmheáchan (kg) | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |

## IARSCRÍBHINN VI

| *Comhoibríocht iascaireachta* | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Stát brataí | Ainm an tsoithigh | Uimhir ICCAT | Fad ama na hoibríochta | Aitheantas na n-oibreoirí | Cuóta indibhidiúil an tsoithigh | Scála leithroinnte in aghaidh an tsoithigh | Feirm feirmeoireachta agus ramhraithe cinn scríbe | |
| | | | | | | | CPC | Uimhir ICCAT |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |

Dáta …

Bailíochtú an Stáit brataí ...

# IARSCRÍBHINN VII

***Clár breathnóirí réigiúnacha ICCAT***

## BREATHNÓIRÍ RÉIGIÚNACHA ICCAT A SHANNADH

6. Beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag gach breathnóir réigiúnach ICCAT ionas go mbeidh sé in ann a thascanna a chur i gcrích:

(a) taithí leordhóthanach le go mbeidh sé in ann speiceas agus trealamh iascaireachta a shainaithint;

(b) eolas sásúil ar bhearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT a mheasúnaítear le teastas arna sholáthar ag na Ballstáit ar bhonn threoirlínte traenála ICCAT;

(c) cumas maidir le breathnóireacht agus taifead beacht a dhéanamh;

(d) eolas sásúil ar theanga bhratach an tsoithigh nó na feirme ar a bhfuil siad i mbun breathnóireachta.

## OIBLEAGÁIDÍ BHREATHNÓIR RÉIGIÚNACH ICCAT

7. Maidir le breathnóirí réigiúnacha ICCAT:

(a) beidh an traenáil theicniúil mar a cheanglaítear faoi na treoirlínte atá bunaithe ag ICCAT déanta acu;

(b) beidh náisiúntacht ceann de na Ballstáit acu, agus, a mhéid is féidir, ní náisiúntacht stát na feirme nó an ghaiste nó stát brataí an bháid peas-saighne a bheidh acu. Más as an gcaighean a shaothraítear an tuinnín gorm agus má thrádáiltear é mar tháirgí úra, áfach, féadfaidh náisiúntacht an Bhallstáit atá freagrach as an bhfeirm a bheith ag breathnóir réigiúnach ICCAT atá ag déanamh breathnóireachta ar an saothrú sin.

(c) ní mór iad a bheith in ann na tascanna atá leagtha amach i bpointe 3 a dhéanamh.

(d) ní mór iad a bheith ar an liosta de bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT a choimeádann ICCAT;

(e) ní mór gan aon leas airgeadais ná tairbhiúil reatha a bheith acu in iascach an tuinnín ghoirm.

**TASCANNA BHREATHNÓIRÍ RÉIGIÚNACHA ICCAT**

8. Déanfaidh breathnóir réigiúnach ICCAT na tascanna seo a leanas go háirithe:

(a) i gcás breathnóirí ar shoithí peas-saighne, déanfaidh siad faireachán ar a mhéad a chomhlíonann an soitheach peas-saighne na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag ICCAT. Déanfaidh an breathnóir na bearta sonracha seo:

(1) I gcásanna ina mbraitheann breathnóir réigiúnach ICCAT neamh-chomhlíonadh féideartha le moladh ICCAT déanfaidh sé an fhaisnéis sin a thíolacadh gan mhoill chuig comhlacht chur chun feidhme bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT a chuirfidh an fhaisnéis faoi bhráid údaráis stát brataí an tsoithigh gabhála gan mhoill.

(2) taifeadadh agus tuairisciú maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh;

(3) breathnóireacht agus meastachán ar ghabhálacha agus fíorú iontrálacha a chuirtear sa logleabhar;

(4) tuarascáil laethúil a eisiúint maidir le gníomhaíochtaí aistrithe an tsoithí peas-saighne;

(5) soithí a aimsiú a d'fhéadfadh bheith i mbun iascaireachta in aghaidh bearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT agus taifead a choinneáil ar na soithí sin;

(6) taifeadadh agus tuairisciú ar na gníomhaíochtaí aistrithe a rinneadh;

(7) suíomh an tsoithí agus é i mbun aistrithe a fhíorú;

(8) breathnóireacht agus meastachán ar tháirgí arna n-aistriú, lena n-áirítear trí thaifid físe a athbhreithniú;

(9) fíorú agus taifeadadh ar ainm agus uimhir ICCAT an tsoithí iascaireachta lena mbaineann;

(10) obair eolaíochta amhail sonraí maidir le Tasc II a bhailiú, ar éileamh ón gCoimisiún, ar bhonn na dtreoracha ó SCRS;

***(11) [...]***

(b) i gcás breathnóirí réigiúnacha ICCAT ar fheirmeacha agus gaistí, faireachán ar a mhéad a chomhlíontar na bearta caomhnaithe agus bainistithe a ghlac ICCAT. Déanfaidh breathnóir réigiúnach ICCAT na rudaí sonracha seo:

(1) na sonraí ar an dearbhú aistrithe agus ar an dearbhú cur i gcaighean agus ar an doiciméad um ghabháil an tuinnín ghoirm a fhíorú, lena n-áirítear trí fhístaifid a athbhreithniú;

(2) na sonraí ar an dearbhú aistrithe agus ar an dearbhú cur i gcaighean agus ar ***na doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm*** a fhíorú;

***(3) tuarascáil laethúil a eisiúint maidir le gníomhaíochtaí aistrithe na bhfeirmeacha agus na ngaistí;***

(4) an dearbhú aistrithe agus an dearbhú cur i gcaighean agus na doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm a chomhshíniú ach amháin i gcás ina n-aontaíonn sé go bhfuil an fhaisnéis ar na doiciméid sin i gcomhréir leis an mbreathnóireacht a rinne sé agus fístaifead comhlíontach ann freisin de réir na gceanglas in Airteagal 33(1) agus in Airteagal 42(1);

(5) obair eolaíochta, amhail samplaí a bhailiú, de réir mar a éilíonn an Coimisiún, ar bhonn na dtreoracha ó SCRS.

***(6) clárú agus deimhniú má tá aon chineál clibe ann, marcanna nádúrtha san áireamh, agus fógra a thabhairt má tá aon chomhartha ann gur baineadh clibeanna ar shiúl le déanaí.***

(c) tuarascálacha ginearálta a chur i dtoll a chéile ina dtiomsófar an fhaisnéis arna bailiú i gcomhréir leis an bpointe seo agus deis a thabhairt don mháistir agus don oibreoir feirme aon fhaisnéis iomchuí a chur sna tuarascálacha sin;

(d) an tuarascáil ghinearálta thuasluaite a chur faoi bhráid na Rúnaíochta laistigh de 20 lá ó dheireadh na tréimhse breathnóireachta;

(e) déanfaidh siad aon fheidhm eile arna sainiú ag Coimisiún ICCAT a fheidhmiú.

9. Déileálfaidh breathnóir réigiúnach ICCAT leis an bhfaisnéis go léir maidir le hoibríochtaí iascaireachta agus aistrithe na soithí peas-saighne agus na bhfeirmeacha mar fhaisnéis rúnda agus glacfaidh sé leis an gceanglas seo i scríbhinn mar choinníoll lena cheapachán mar bhreathnóir réigiúnach.

10. Comhlíonfaidh breathnóir réigiúnach ICCAT ceanglais arna mbunú i ndlíthe agus rialacháin an Stáit brataí nó Stát na feirme a bhfuil dlínse aige ar an soitheach nó ar an bhfeirm a bhfuil an breathnóir réigiúnach sannta dó nó di.

11. Urramóidh breathnóir réigiúnach ICCAT an grádlathas agus na rialacha iompraíochta ginearálta atá i bhfeidhm maidir le gach pearsanra soithigh agus feirme, ar choinníoll nach gcuireann na rialacha sin isteach ar dhualgais bhreathnóir réigiúnach ICCAT faoin gclár seo, ná ar na hoibleagáidí ar fhoireann soithigh agus feirme atá leagtha amach i bpointe 7 agus in Airteagal 49(6).

**OIBLEAGÁIDÍ NA mBALLSTÁT BRATAÍ I LEITH BHREATHNÓIRÍ RÉIGIÚNACHA ICCAT**

12. Maidir le breathnóirí réigiúnacha ICCAT áiritheoidh na Ballstáit a bhfuil an soitheach peas-saigne, an fheirm nó an gaiste faoina gcúram, an méid a leanas:

(a) go bhfuil rochtain acu ar fhoireann an tsoithigh***, [...]*** na feirme ***agus an ghaiste*** agus ar threalamh, caighin agus fearas

(b) go bhfuil rochtain acu, arna iarraidh sin, ar an trealamh seo a leanas, má tá sé ar bord na soithí dá bhfuil siad sannta, d'fhonn comhlíonadh a ndualgais mar atá leagtha amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI a éascú:

(1) trealamh loingseoireachta satailíte;

(2) scáileáin féachana taispeána radair nuair a bhítear á n-úsáid;

(3) modhanna leictreonacha cumarsáide;

(c) go gcuirtear cóiríocht, lena n-áirítear lóistín, bia agus áiseanna sláintíochta leordhóthanacha, ar fáil dóibh, atá ar chomhchaighdeán lena bhfuil ar fáil d'oifigigh;

(d) go gcuirtear spás leordhóthanach ar an droichead nó ar an teach píolóta ar fáil dóibh le haghaidh obair chléireachais, chomh maith le spás ar an deic atá leordhóthanach chun dualgais bhreathnóireachta a chomhlíonadh.

**COSTAIS A THAGANN AS CLÁR BREATHNÓIRÍ RÉIGIÚNACHA ICCAT**

13. Seasfaidh gach oibreoir feirme nó úinéir soithigh peas-saighne na costais go léir a thagann as clár breathnóirí réigiúnacha ICCAT a chur i bhfeidhm.

# IARSCRÍBHINN VIII

## *SCÉIM ICCAT MAIDIR LE COMHCHIGIREACHT IDIRNÁISIÚNTA*

D'aontaigh ICCAT an méid seo a leanas ag a Cheathrú Gnáthchruinniú (Maidrid, Samhain 1975) agus ag a Chruinniú Bliantúil in 2008 in Marrakech:

De bhun mhír 3 d'Airteagal IX den Choinbhinsiún, molann Coimisiún ICCAT go ndéanfar na socruithe seo a leanas a bhunú maidir le rialú idirnáisiúnta lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse náisiúnta chun críche chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin agus na bearta i bhfeidhm faoin gCoinbhinsiún a áirithiú:

## I. SÁRUITHE TROMCHÚISEACHA

1. Chun críocha na nósanna imeachta seo, ciallaíonn sárú tromchúiseach ceann de na sáruithe seo a leanas ar fhorálacha bhearta caomhnaithe agus bainistithe ICCAT arna nglacadh ag Coimisiún ICCAT:

   (a) iascaireacht gan cheadúnas, gan chead nó gan údarú arna eisiúint ag an CPC brataí;

   (b) gan taifid leordhóthanacha a bheith coimeádta ar ghabháil agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe Choimisiún ICCAT nó míthuairisciú shuntasach ar ghabháil agus/nó sonraí a bhaineann le gabhálacha den chineál sin

   (c) iascaireacht i limistéar dúnta;

   (d) iascaireacht le linn séasúr dúnta;

   (e) tógáil nó coinneáil d'aon turas speiceas a sháraíonn aon bheart caomhnaithe agus bainistithe is infheidhme arna ghlacadh ag ICCAT;

   (f) sárú suntasach ar theorainneacha nó ar chuótaí gabhála atá i bhfeidhm de bhun rialacha ICCAT;

   (g) trealamh iascaireachta toirmiscthe a úsáid;

   (h) marcanna, céannacht nó clárú aon soithigh iascaireachta a fhalsú nó a cheilt d'aon ghnó;

   (i) fianaise maidir le himscrúdú ar shárú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó a scriosadh;

(j) an iliomad sáruithe ar ionann iad agus faillí tromchúiseach ar bhearta atá i bhfheidhm de bhun ICCAT nuair a chuirtear le chéile;

(k) cur in aghaidh cigire údaraithe nó breathnóir nó cur isteach air nó é a ionsaí, a imeaglú, a ghnéaschiapadh, nó cosc nó moill mhíchuí a chur air;

(l) cur isteach ar VMS d'aon ghnó nó é a dhíchumasú;

(m) sáruithe eile de réir mar a fhéadfaidh ICCAT a chinneadh, tar éis iad a bheith curtha san áireamh agus i gcúrsaíocht ar leagan athbhreithnithe de na nósanna imeachta seo;

(n) iascaireacht a dhéanamh le cúnamh ó eitleáin bhreathnóireachta;

(o) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte agus/nó soitheach a úsáid gan córas VMS;

(p) gníomhaíocht aistrithe gan dearbhú aistrithe;

(q) athlastáil ar muir.

2. I gcás ina dtéitear ar bord agus ina ndéantar cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus má aimsíonn na cigirí údaraithe gníomhaíocht nó imthoisc a bheadh ina sárú tromchúiseach, mar atá sainithe i bpointe 1, lena linn, tabharfaidh údaráis Stát brataí na soithí cigireachta fógra láithreach do Stát brataí an tsoithigh iascaireachta, go díreach agus trí Rúnaíocht ICCAT chomh maith. Sna cásanna sin, cuirfidh an cigire aon long chigireachta de chuid Stát brataí an tsoithigh iascaireachta arb eol í a bheith sa chomharsanacht ar an eolas faoi sin.

3. Cláróidh cigire ICCAT na cigireachtaí a dhéanfar agus aon sáruithe a thabharfar faoi deara i logleabhar an tsoithigh iascaireachta.

4. Tar éis na cigireachta dá dtagraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo, áiritheoidh an Ballstát brataí go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

5. I gcás nach gceanglaítear ar an soitheach dul chuig calafort; soláthróidh an Ballstát brataí údar iomchuí go tráthúil don Choimisiún Eorpach a chuirfidh an fhaisnéis ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT, a chuirfidh í ar fáil do Pháirtithe Conarthacha eile ar iarraidh.

## II. CIGIREACHTAÍ A SHEOLADH

6. Cigirí arna n-ainmniú ag na Páirtithe Conarthacha a dhéanfaidh na cigireachtaí. Cuirfear ainmneacha na ngníomhaireachtaí rialtais údaraithe agus ainm gach cigire arna ainmniú chun na críche sin ag a rialtas féin in iúl do Choimisiún ICCAT.

7. Beidh bratach nó bratainn speisialta arna formheas ag Coimisiún ICCAT agus arna eisiúint ag Rúnaíocht ICCAT ar foluain ar longa atá i mbun dualgais dul ar bord agus dualgais cigireachta idirnáisiúnta i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo. Cuirfear ainmneacha na long a úsáidtear chuige sin chuig Rúnaíocht ICCAT chomh luath agus is féidir sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta. Soláthróidh Rúnaíocht ICCAT faisnéis maidir le soithí cigireachta ainmnithe do gach CPC, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis a chur suas ar a shuíomh gréasáin faoi chosaint pasfhocail;

8. Beidh doiciméad aitheantais iomchuí arna eisiúint ag údaráis an Stáit brataí ina sheilbh ag gach cigire, agus beidh an doiciméad aitheantais sin san fhoirm atá léirithe I bpointe 21 den Iarscríbhinn seo;

9. Faoi réir na socruithe a comhaontaíodh faoi phointe 16 den Iarscríbhinn seo, stopfaidh soitheach atá faoi bhrat CPC agus atá ag iascach an tuinnín nó éisc atá cosúil leis an tuinnín i limistéar an Choinbhinsiúin lasmuigh de na huiscí dá dhlínse náisiúnta má thugann long a bhfuil bratainn ICCAT dá ndéantar cur síos uirthi i bpointe 7 ar foluain uirthi agus ar a bhfuil cigire comhartha iomchuí sa Chód Idirnáisiúnta Comharthaí, ach amháin má tá an soitheach i mbun oibríochtaí iascaireachta, agus sa chás sin stopfaidh sé a luaithe a bheidh na hoibríochtaí sin curtha i gcrích aige. Tabharfaidh máistir an tsoithigh cead don bhuíon chigireachta mar atá sonraithe i bpointe 10 den Iarscríbhinn seo dul ar bord agus cuirfidh sé dréimire bordála ar fáil. Cuirfidh an máistir ar chumas na buíne cigireachta scrúdú a dhéanamh ar threalamh, ar ghabháil nó ar aon doiciméid ábhartha a mheasann an cigire a bhfuil gá leo chun comhlíonadh mholtaí Choimisiún ICCAT atá i bhfeidhm a fhíorú maidir le Stát brataí an tsoithigh atá faoi réir cigireachta. Fairis sin, féadfaidh cigire aon mhínithe a mheasann sé a bhfuil gá leo a iarraidh.

10. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta a shocrú agus cúinsí ábhartha á gcur san áireamh aige. Beidh an páirtí cigireachta chomh beag agus is féidir chun na dualgais atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo a dhéanamh go slán sábháilte.

11. Agus é ag dul ar bord an tsoithigh, taispeánfaidh an cigire an doiciméadacht aitheantais a ndéantar cur síos uirthi i bpointe 8 den Iarscríbhinn seo. Urramóidh an cigire rialacháin, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta a nglactar leo go ginearálta agus a bhaineann le sábháilteacht an tsoithigh a bhfuiltear ag déanamh cigireachta air agus le sábháilteacht an chriú, agus cuirfidh sé isteach a laghad is féidir ar ghníomhaíochtaí iascaireachta nó ar stuáil an táirge, agus a mhéid is féidir, seachnóidh sé aon ghníomhaíocht a mbeadh drochthionchar aici ar cháilíocht na gabhála ar bord;

Ní dhéanfaidh aon chigire níos mó ná a dhéanamh amach an bhfuil na moltaí sin ó Choimisiún ICCAT atá i bhfeidhm maidir le Stát brataí an tsoithigh lena mbaineann á gcomhlíonadh. Agus é i mbun cigireachta féadfaidh cigire aon chúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a iarraidh ar mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfaidh sé tuarascáil a tharraingt suas ar an gcigireacht i bhfoirm arna fhormheas ag Coimisiún ICCAT. Síneoidh sé an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a mheasann sé a bheith oiriúnach a chur leis an tuarascáil é féin nó a chinntiú go gcuirtear leis an tuarascáil iad, agus síneoidh sé na barúlacha sin.

12. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus do rialtas na buíne cigireachta, agus seolfaidh siad cóipeanna chuig údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig Coimisiún ICCAT. I gcás ina aimsítear aon sárú ar mholtaí ICCAT, cuirfidh an cigire aon long chigireachta de chuid Stát brataí an tsoithigh iascaireachta arb eol í a bheith sa chomharsanacht ar an eolas faoi sin chomh maith, más féidir.

13. Mura nglacfar le cigire nó mura leanfar treoracha an chigire déileálfaidh Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air leis sin ar an gcaoi chéanna a ndéileáiltear le hiompar mar sin in aghaidh cigire náisiúnta.

14. Déanfaidh an cigire a dhualgais faoi réir na socruithe sin i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, ach fanfaidh sé faoi rialú oibríochtúil a n-údarás náisiúnta agus freagróidh sé dóibh.

15. Déanfaidh Páirtithe Conarthacha tuarascálacha cigireachta, bileoga faisnéis aimsithe de réir mholadh 94-09 agus ráitis a eascraíonn as cigireachtaí ar dhoiciméadacht arna ndéanamh ag cigirí eachtrannacha faoi na socruithe seo a mheas agus gníomhaíodh siad dá réir mar a ghníomhódh siad i gcás tuarascálacha a gcigirí náisiúnta i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Ní fhorchuirfidh forálacha an phointe seo aon oibleagáid ar Pháirtí Conarthach luach fianaise níos airde a bhronnadh ar thuarascáil ó chigire eachtrannach ná mar a bheadh uirthi i dtír an chigire féin. Comhoibreoidh Páirtithe Conarthacha chun nósanna imeachta breithiúnacha nó de chineál eile a eascraíonn as tuarascáil ó chigire faoi réir na socruithe seo a éascú.

16. (a) Cuirfidh Páirtithe Conarthacha Coimisiún ICCAT ar an eolas faoin 15 Feabhra gach bliain maidir lena bpleananna sealadacha maidir le gníomhaíochtaí cigireachta a dhéanamh faoi réir an Rialacháin seo le linn na bliana féilire sin agus féadfaidh Coimisiún ICCAT moltaí a thabhairt do Pháirtithe Conarthacha maidir le hoibríochtaí náisiúnta a chomhordú sa réimse seo, lena n-áirítear líon na gcigirí agus na soithí a mbeidh cigirí ar bord orthu.

(b) Beidh feidhm ag na socruithe atá leagtha amach sa Rialachán seo agus ag na pleananna maidir le rannpháirtíocht idir Páirtithe Conarthacha mura gcomhaontóidh siad a mhalairt, agus tabharfar fógra do Choimisiún ICCAT faoin gcomhaontú sin. Ar choinníoll, áfach, go gcuirfear cur chun feidhme na scéime ar fionraí idir aon dá Pháirtí Chonarthacha má tá fógra tugtha ag ceachtar acu do Choimisiún ICCAT chuige sin, go dtí go dtabharfar an comhaontú sin i gcrích.

17. (a) Déanfar cigireacht ar an trealamh iascaireachta i gcomhréir leis na rialacháin i bhfeidhm sa bhfolimistéar ina ndéanfar an cigireacht. Luafaidh an cigire an folimistéar ina ndearnadh an cigireacht, agus déanfar cur síos ar aon sáruithe ar thángthas orthu sa tuarascáil cigireachta.

(b) Beidh an cigire i dteideal cigireacht a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta go léir atá in úsáid nó atá ar bord.

18. Cuirfidh an cigire marc aitheantais arna fhormheas ag Coimisiún ICCAT ar aon trealamh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air agus ar dealraitheach é a bheith ag sárú na moltaí de chuid Choimisiún ICCAT is infheidhme maidir le Stát brataí an tsoithigh lena mbaineann agus déanfar taifeadadh ar an bhfíric sin sa tuarascáil chigireachta.

19. Féadfaidh an cigire grianghraif a thógáil de na fearais, den trealamh, den doiciméadacht agus d'aon ní eile a cheapann sé is gá a thógáil ar chaoi a thaispeánfaidh na gnéithe sin nach bhfuil i gcomhréir leis an rialachán i bhfeidhm, dar leis, agus sa chás sin déanfar na nithe ar tógadh grianghraf dóibh a liostáil sa tuarascáil agus déanfar cóipeanna de na grianghraif a chur i gceangal leis an gcóip den tuarascáil a thabharfar chuig an mBallstát brataí.

20. Déanfaidh an cigire cigireacht ar gach gabháil ar bord, de réir mar is gá, chun comhlíonadh mholtaí ICCAT a mheas.

21. Seo a leanas léirshamhail den Chárta Aitheantais do chigirí:

INTERNATIONAL COMMISSION FOR THE CONSERVATION OF ATLANTIC TUNA

**ICCAT**

Inspector Identity Card

Photograph

**Contracting Party:**

**Inspector Name:**

**Card n°:**

**Issue Date:** Valid five years

**ICCAT**

The holder of this document is an ICCAT inspector duly appointed under the terms of the Scheme of Joint International Inspection and Surveillance of the International Commission for the Conservation of the Atlantic Tuna and has the authority to act under the provision of the ICCAT Control and Enforcement measures.

.............................. ..............................

ICCAT Executive Secretary
Issuing Authority

Inspector

# IARSCRÍBHINN IX

## Íoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta fístaifeadta

### Oibríochtaí aistrithe

(1) Cuirfear an gléas ríomhstórála ar a bhfuil an fístaifead bunaidh ar fáil do bhreathnóir réigiúnach ICCAT a luaithe is féidir i ndiaidh dheireadh na hoibríochta aistrithe agus déanfaidh sé é a thúsú láithreach d'fhonn aon ionramháil ina dhiaidh sin a sheachaint.

(2) Coinneofar an taifead bunaidh ar bord an tsoithigh gabhála nó, nuair is iomchuí, coinneoidh oibreoir an ghaiste nó na feirme é feadh na tréimhse iomlán údaraithe.

(3) Cuirfear dhá chóip chomhionanna den fhístaifeadadh ar fáil. Seolfar cóip amháin chuig an mbreathnóir réigiúnach de chuid ICCAT atá i láthair agus cóip eile chuig an mbreathnóir náisiúnta ar bord an tsoithigh tarraingthe, agus beidh an dearbhú aistrithe agus na gabhálacha gaolmhara lena mbaineann sí ag gabháil leis an dara cóip a luadh. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta seo ach maidir le breathnóirí náisiúnta i gcás aistrithe idir soithí tarraingthe.

(4) Ní mór uimhir ICCAT maidir le húdarú aistrithe a thaispeáint ag tús agus/nó ag deireadh gach físeáin.

(5) Beidh am agus dáta an fhíseáin ar taispeáint i gcónaí feadh gach taifid físe.

(6) Roimh thús an aistrithe, beidh oscailt agus dúnadh an lín/dorais le feiceáil ar an bhfíseán chomh maith le píosa scannáin ag taispeáint an bhfuil an tuinnín gorm sna caighin ghlactha agus deontóra cheana féin nó nach bhfuil.

(7) Beidh an fístaifead leanúnach gan aon stopadh ná gearrthacha agus beidh an oibríocht aistrithe ar fad cumhdaithe aige.

(8) Beidh an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú.

(9) Mura bhfuil an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú, iarrfaidh na húdaráis rialála aistriú nua a dhéanamh. Maidir leis an aistriú nua, déanfar na tuinníní gorma go léir atá sa chaighean glactha a aistriú go caighean eile agus ní mór an dara caighean a bheith folamh.

**Oibríochtaí cur i gcaighean**

(1) Cuirfear an gléas ríomhstórála ina bhfuil an fístaifead bunaidh ar fáil do bhreathnóir réigiúnach ICCAT a luaithe agus is féidir i ndiaidh dheireadh na hoibríochta cur i gcaighean agus déanfaidh sé é a thúsú láithreach d'fhonn aon ionramháil ina dhiaidh sin a sheachaint.

(2) Coinneoidh an fheirm an taifead bunaidh nuair is infheidhme, feadh na tréimhse iomlán údaraithe.

(3) Cuirfear dhá chóip chomhionanna den fhístaifeadadh ar fáil. Seolfar cóip amháin chuig breathnóir réigiúnach ICCAT atá ar an bhfeirm.

(4) Beidh uimhir ICCAT maidir le húdarú cur i gcaighean á taispeáint ag tús agus/nó ag deireadh gach físeáin.

(5) Beidh am agus dáta an fhíseáin ar taispeáint i gcónaí feadh gach taifid físe.

(6) Roimh thús an chur i gcaighean, beidh oscailt agus dúnadh an lín/dorais le feiceáil ar an bhfíseán agus beidh sé soiléir an bhfuil an tuinnín gorm sna caighin fhaighte agus deontóra cheana féin nó nach bhfuil.

(7) Beidh an fístaifead leanúnach gan aon stopadh ná gearrthacha agus beidh an oibríocht cur i gcaighean ar fad cumhdaithe aige.

(8) Beidh an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú.

(9) Mura bhfuil an fístaifead ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar an líon tuinníní gorma atáthar á aistriú, iarrfaidh na húdaráis rialála oibríocht nua cur i gcaighean a dhéanamh. Maidir leis an oibríocht nua cur i gcaighean, déanfar na tuinníní gorma go léir atá i gcaighean na feirme glactha a aistriú go caighean eile agus beidh an dara caighean folamh.

# IARSCRÍBHINN X

## Caighdeáin agus nósanna imeachta maidir leis na cláir agus na hoibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 44(2)-(7) agus in Airteagal 45(1)

### A. Córais cheamaraí steiréascópacha a úsáid

Déanfar córais cheamaraí steiréascópacha a úsáid i gcomhthéacs oibríochtaí cur i gcaighean, faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 44 den Rialachán seo, i gcomhréir leis an méid a leanas:

1. Ní lú ná 20% de líon na n-iasc atá á gcur i gcaighean déine samplála na n-iasc beo. Nuair is féidir sin ó thaobh na ngnéithe teicniúla de, déanfar sampláil na n-iasc beo ar bhealach seicheamhach, trí cheann as gach cúig eiseamal a thomhas; is éard a bheidh sa sampla sin éisc a thomhaistear idir 2 mhéadar agus 8 méadar ón gceamara.
2. Socrófar toisí an gheata aistrithe idir an caighean deontóra agus an caighean glactha ar uasleithead 10 méadar agus uasairde 10 méadar.
3. Nuair a bheidh dáileadh ilmhódach i gceist le tomhais faid na n-éisc (dhá cheann nó níos mó de chohóirt ar mhéideanna difriúla), beifear in ann níos mó ná algartam coinbhéartachta amháin a úsáid don t-aon oibríocht amháin cur i gcaighean; úsáidfear na halgartaim is déanaí atá bunaithe ag SCRS chun fad go gabhal an eireabaill a choinbhéartú i meáchan iomlán, de réir chatagóir méide na n-éisc a tomhaiseadh le linn na hoibríochta cur i gcaighean.
4. Déanfar tomhais steiréascópacha an fhaid a bhailíochtú roimh gach oibríocht cur i gcaighean trí bharra scála a úsáid ag fad idir 2 m agus 8 m,
5. Nuair a chuirfear torthaí an chláir steiréascópaigh in iúl, sonrófar leis an bhfaisnéis an lamháil earráide a ghabhann le sonraíochtaí teicniúla an chórais cheamaraí steiréascópaigh, lamháil nach mbeidh raon níos mó ná +/- 5 faoin gcéad aici.
6. Beidh sonraí maidir leis na sonraíochtaí teicniúla thuasluaite go léir sa tuarascáil faoi thorthaí an chláir steiréascópaigh, an déine samplála, an mhodheolaíocht samplála a leanadh, an fad ón gceamara, toisí an gheata aistrithe, agus na halgartaim (gaol idir fad agus meáchan) san áireamh. Déanfaidh SCRS athbhreithniú ar na sonraíochtaí seo, agus déanfaidh sé moltaí maidir lena modhnú más gá.
7. I gcásanna nach bhfuil an píosa scannáin ón gceamara steiréascópach ar cháilíocht ard go leor le meastachán a dhéanamh ar mheáchan an tuinnín ghoirm atá á chur i gcaighean, ordóidh údaráis an Bhallstáit atá freagrach as an soitheach gabhála, as an ngaiste nó as an bhfeirm go ndéanfaí oibríocht nua cur i gcaighean.

**B. Torthaí na gclár a úsáid agus a chur i láthair**

1. Déanfar cinntí maidir le difríochtaí idir an tuarascáil ghabhála agus na torthaí ó chlár an chórais steiréascópaigh ar leibhéal na Comhoibríochta Iascaireachta nó gabhálacha iomlána gaiste, i gcás Comhoibríochtaí Iascaireachta agus gabhálacha gaiste dírithe ar shaoráid feirme a bhaineann le CPC amháin agus/nó Ballstát. Déanfar an cinneadh maidir le difríochtaí idir an tuarascáil ghabhála agus na torthaí ó chlár an chórais steiréascópaigh ar leibhéal na n-oibríochtaí cur i gcaighean i gcás Comhoibríochtaí Iascaireachta a bhfuil níos mó ná CPC amháin agus/nó Ballstát páirteach iontu, ach amháin i gcás go n-aontaíonn údaráis na CPCanna/Ballstát brataí go léir de chuid na soithí gabhála atá páirteach sa Chomhoibríocht Iascaireachta a mhalairt.

2. Cuirfidh an Ballstát atá freagrach as an bhfeirm tuarascáil ar fáil don Bhallstát nó don CPC atá freagrach as an soitheach gabhála nó as an ngaiste agus don Choimisiún, agus beidh na doiciméid seo a leanas inti:

   (a) Tuarascáil theicniúil faoin gcóras steiréascópach lena n-áirítear:

   – faisnéis ghinearálta: speiceas, suíomh, caighean, dáta, algartam;

   – faisnéis staitistiúil faoi mhéid: an meánmheáchan agus an meánfhad, an t-íosmheáchan agus an t-íosfhad, an t-uasmheáchan agus an t-uasfhad, an líon iasc a sampláladh, dáileadh meáchain, dáileadh faid.

   (b) Torthaí mionsonraithe an chláir, agus méid agus meáchan gach éisc a sampláladh.

   (c) Tuarascáil maidir le cur i gcaighean lena n-áirítear:

   – faisnéis ghinearálta faoin oibríocht: uimhir na hoibríochta cur i gcaighean, ainm na feirme, uimhir an chaighin, uimhir BCD, uimhir ITD, ainm agus bratach an tsoithigh gabhála nó an ghaiste, ainm agus bratach an tsoithigh tarraingthe, dáta oibríocht an chórais steiréascópaigh agus ainm comhaid an phíosa scannáin;

   – an t-algartam a úsáideadh chun an fad a choinbhéartú i meáchan;

   – comparáid idir na méideanna a dearbhaíodh sa BCD agus na méideanna a fuarthas faoin gcóras steiréascópach, de réir líon na n-iasc, an mheánmheáchain agus an mheáchain iomláin (seo a leanas an fhoirmle a úsáidfear chun an difríocht a ríomh: (Córas Steiréascópach-BCD) / Córas Steiréascópach * 100);

   – lamháil earráide an chórais;

   – i gcás na dtuarascálacha cur i gcaighean a bhaineann le Comhoibríochtaí Iascaireachta/gaistí, beidh achoimre chomh maith sa tuarascáil dheireanach maidir le cur i gcaighean ar an bhfaisnéis go léir sna tuarascálacha maidir le cur i gcaighean roimhe sin.

3. Agus an tuarascáil ghabhála á fáil acu, déanfaidh údaráis Bhallstát an tsoithigh gabhála nó an ghaiste na bearta go léir is gá de réir na gcásanna seo a leanas.

(a) Tá an meáchan iomlán atá dearbhaithe ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste sa BCD laistigh de raon thorthaí an chórais steiréascópaigh:

– ní dhéanfar aon scaoileadh a ordú;

– déanfar an BCD a mhodhnú de réir an lín (trí líon na n-iasc a fuarthas ó úsáid na gceamaraí rialaithe nó ó theicnící eile a úsáid) agus an mheánmheáchain, ach ní dhéanfar an meáchan iomlán a mhodhnú.

(b) Tá an meáchan iomlán atá dearbhaithe ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste sa BCD níos ísle ná raon thorthaí an chórais steiréascópaigh:

– déanfar scaoileadh a ordú tríd an bhfigiúir is ísle de raon thorthaí an chórais steiréascópaigh a úsáid;

– déanfar na hoibríochtaí scaoilte i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 32(2) agus in Iarscríbhinn XI;

– i ndiaidh na n-oibríochtaí scaoilte, déanfar an BCD a mhodhnú de réir an lín (trí líon na n-iasc a fuarthas ó úsáid na gceamaraí rialaithe lúide líon na n-iasc a scaoileadh a úsáid) agus an mheánmheáchain, ach ní dhéanfar an meáchan iomlán a mhodhnú.

(c) Tá an meáchan iomlán atá dearbhaithe ag an soitheach gabhála nó ag an ngaiste sa BCD níos airde ná an figiúr is airde de raon thorthaí an chórais steiréascópaigh:

– ní dhéanfar aon scaoileadh a ordú;

– déanfar an BCD a mhodhnú don mheáchan iomlán (tríd an bhfigiúr is airde de raon thorthaí an chórais steiréascópaigh), do líon na n-iasc (ag úsáid thorthaí na gceamaraí rialaithe) agus don mheánmheáchan dá réir.

4. Maidir le haon mhodhnú iomchuí ar an BCD, beidh na luachanna (líon agus meáchan) a chuirtear i Roinn 2 i gcomhréir leo siúd atá i Roinn 6, agus ní bheidh na luachanna i Roinn 3, Roinn 4 agus Roinn 6 níos airde ná iad siúd atá i Roinn 2.

5. I gcás cúiteamh i leith difríochtaí a fuarthas idir tuarascálacha maidir le cur i gcaighean indibhidiúla thar gach cur i gcaighean de chuid Comhoibríocht Iascaireachta/gaiste, cibé acu atá gá le hoibríocht scaoilte nó nach bhfuil, déanfar gach BCD iomchuí a mhodhnú ar bhonn an raoin is ísle de thorthaí an chórais steiréascópaigh. Déanfar BCD a bhaineann leis na cainníochtaí den tuinnín gorm a scaoileadh a mhodhnú freisin d'fhonn an meáchan/an líon a scaoileadh a léiriú. Na BCDanna a bhaineann leis an tuinnín gorm nár scaoileadh ach a bhfuil na torthaí ó na córais steiréascópacha nó teicnící eile difriúil leis na torthaí a tuairiscíodh a gabhadh agus a aistríodh, déanfar iad a leasú chun na difríochtaí sin a léiriú.

Na BCDanna a bhaineann leis na gabhálacha ón suíomh a rinneadh an oibríocht scaoilte, déanfar iad a mhodhnú freisin d'fhonn an meáchan/an líon a scaoileadh a léiriú.

## IARSCRÍBHINN XI

**Prótacal Scaoilte**

1. Déanfar an tuinnín gorm a scaoiltear isteach san fharraige ó chaighin iompair/feirmeoireachta a thaifeadadh le físcheamara agus breathnóidh breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT ar an scaoileadh agus dréachtóidh sé tuarascáil agus cuirfidh sé an tuarascáil in éineacht leis na fístaifid chuig Rúnaíocht ICCAT.

2. I gcás inar eisíodh ordú scaoilte, iarrfaidh an t-oibreoir feirme breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT a bheith i láthair.

3. Breathnóidh Breathnóir Náisiúnta ar an tuinnín gorm á scaoileadh ó ghaistí isteach san fharraige, agus dréachtóidh sé tuarascáil agus cuirfidh sé an tuarascáil chuig údaráis rialaithe an Bhallstát atá freagrach.

4. Sula dtabharfar faoi oibríocht scaoilte, d'fhéadfadh údaráis rialaithe Bhallstát aistriú rialaithe a ordú le gnáthcheamaraí agus/nó le ceamaraí steiréascópacha chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar mheáchan na n-iasc nach mór a scaoileadh.

5. Féadfaidh údaráis Ballstáit aon bhearta breise a cheapann sé is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar oibríochtaí scaoilte ag an am agus ag an suíomh is feiliúnaí d'fhonn an dóchúlacht go rachaidh na héisc ar ais chuig an stoc a mhéadú. Beidh an t-oibreoir freagrach as na héisc a choinneáil beo go dtí go mbeidh an oibríocht scaoilte déanta. Déanfar na hoibríochtaí scaoilte seo laistigh de thrí seachtaine ó dheireadh na n-oibríochtaí cur i gcaighean.

6. Tar éis dheireadh na n-oibríochtaí saothraithe, déanfar éisc atá fós ar fheirm agus nach bhfuil cumhdaithe faoi dhoiciméad um ghabháil an tuinnín ghoirm de chuid ICCAT a scaoileadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2) agus san Iarscríbhinn seo.

## IARSCRÍBHINN XII

### Ag déileáil le héisc marbha

Le linn oibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí peas-saighne, déanfar na cainníochtaí d'éisc mharbha a aimsítear sa saighean a thaifeadadh i logleabhar an tsoithigh iascaireachta agus déanfar iad a bhaint de chuóta an Bhallstáit dá réir.

**Ag déileáil/ag taifeadadh éisc marbha le linn an chéad aistrithe**

1) Cuirfear an BCD ar fáil d'oibreoir an tsoithigh tarraingthe agus Roinn 2 (Gabháil Iomlán), Roinn 3 (Trádáil in éisc beo) agus Roinn 4 (Aistriú– éisc 'mharbha' san áireamh) comhlánaithe.

   Beidh na cainníochtaí iomlána a thuairisceofar i Roinn 3 agus i Roinn 4 cothrom leis na cainníochtaí a thuairisceofar i Roinn 2. Beidh Dearbhú Aistrithe bunaidh ICCAT ag gabháil leis an BCD i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Beidh na cainníochtaí a thuairisceofar i nDearbhú Aistrithe bunaidh ICCAT (beo-aistriú), cothrom leis na cainníochtaí a thuairisceofar i Roinn 3 den BCD lena mbaineann.

2) Déanfar macasamhail den BCD agus Roinn 8 (Faisnéis trádála) a chomhlánú agus a thabhairt d'oibreoir an tsoithigh coimhdeachta a thugann an tuinnín gorm marbh i dtír (nó coinneofar í ar an soitheach gabhála má tugadh go díreach i dtír é). Beidh cóip de Dhearbhú Aistrithe ICCAT ag gabháil leis na héisc marbha seo agus leis an macasamhail den BCD.

3) Beidh na cainníochtaí d'éisc mharbha taifeadta i BCD an tsoithigh gabhála a ghabh iad nó, i gcás Comhoibríochtaí Iascaireachta, i BCD na soithí gabhála nó soithigh eile a bhfuil bratach eile ar foluain air atá ag glacadh páirte sa chomhoibríocht iascaireachta.

## IARSCRÍBHINN XIII

### Tábla comhghaoil

| Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 agus Airteagal 2 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 4 |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 5(1) |
| Airteagal 4(2) | Airteagal 6(1)(a) |
| Airteagal 4(3) agus (5) | Airteagal 7 |
| Airteagal 4(4), an dara fomhír | Airteagal 6(1)(a) agus Airteagal 6(2) |
| Airteagal 4(6)(a) agus (b) agus an dara fomhír | Airteagal 52 |
| Airteagal 4(6), an tríú fomhír | Airteagal 20(2) |
| Airteagal 4(7), (8), (9), (10), (11) agus (12) | - |
| Airteagal 4(13) | Airteagal 5(3) |
| Airteagal 4(15) | Airteagal 17 |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 6(1)(b) |
| Airteagal 5(2), (3), (4), (5) agus (6) | Airteagal 8(1)(2)(3)(4)(5)(6) |
| Airteagal 5(7),(8),(9), an chéad fhomhír | - |
| Airteagal 5(9), an dara fomhír | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 6 | Airteagal 9 |
| Airteagal 7 | Airteagal 10 agus Airteagal 11 |
| Airteagal 8 | Airteagal 16 |
| Airteagal 9(1) agus (2) | Airteagal 13(1) agus (2) |
| Airteagal 9(3), (4), (5), (7), (8), (9) agus (10) | Iarscríbhinn I |
| Airteagal 9(6) | - |
| Airteagal 9(11) | Airteagal 13(3) |
| Airteagal 9(12),(13),(14),(15) | Airteagal 14 |
| Airteagal 10 | - |
| Airteagal 11 | Airteagal 15(2), (3) agus (5) |
| Airteagal 12 (1), (2), (3) agus (4) | Airteagal 18 |
| Airteagal 12(5) | - |
| Airteagal 13(1), (2) agus (3) | Airteagal 18 |
| Airteagal 13(4) | - |
| Airteagal 14 (1), (2), (3) agus (5) | Airteagal 19 |
| Airteagal 14(4) | Airteagal 20(1) |
| Airteagal 15 | Airteagal 21 |
| Airteagal 16 | Airteagal 27(1),(3),(4) |
| Airteagal 17 | Airteagal 28 |
| Airteagal 18(1) | Airteagal 23 |
| Airteagal 18(2) | Iarscríbhinn II |
| Airteagal 19 | Airteagal 22(1)(2)(3) |
| Airteagal 20(1) agus (2) | Airteagal 24(1)(2)(3) |
| Airteagal 20(3) agus (4) | Airteagal 25 |
| Airteagal 21 | Airteagal 29(1)(2)(3)(4)(6)(7) |
| Airteagal 22(1) agus (2) an chéad fhomhír | Airteagal 31(1), (3) agus (5) |

| **Rialachán (CE) Uimh. 302/2009** | **An Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 22(2), an dara fomhír | Airteagal 32(1) |
| Airteagal 22(3) | Airteagal 32(2) |
| Airteagal 22(4) | Airteagal 36(1),(2),(3) |
| Airteagal 22(5) | Iarscríbhinn II |
| Airteagal 22(6) | Airteagal 31(6) |
| Airteagal 22(7) | Airteagal 33(1) agus Iarscríbhinn IX |
| Airteagal 22(8) agus (9) an chéad fhomhír | Airteagal 34 |
| Airteagal 22(9), an dara fomhír | - |
| Airteagal 22(10) | Airteagal 37 |
| Airteagal 23 | Airteagal 30 |
| Airteagal 24(1) | Airteagal 45(1) |
| Airteagal 24(2), (4) agus (6) | Airteagal 38 (2), (3), (4) agus (5) |
| Airteagal 24(3) | Airteagal 39(1) agus (2) |
| Airteagal 24(5) | Airteagal 40 |
| Airteagal 24(7) | Airteagal 42(1) agus Iarscríbhinn IX |
| Airteagal 24(8), an chéad fhomhír | Airteagal 43(1) agus (2) |
| Airteagal 24(9) | - |
| Airteagal 24(10) | Airteagal 46 |
| Airteagal 24 a | Iarscríbhinn X |
| Airteagal 25 | Airteagal 47 |
| Airteagal 26(1) | Airteagal 24(4) |
| Airteagal 26(2) | Airteagal 25(1) |
| Airteagal 26(3) | Airteagal 24(5) |
| Airteagal 27(1) | Airteagal 29(5) |
| Airteagal 27(2) | Airteagal 41 |
| Airteagal 27(3) | Airteagal 3(24) |
| Airteagal 28 | Airteagal 53 |
| Airteagal 29 | Airteagal 50 |
| Airteagal 30 | Airteagal 48 |
| Airteagal 31(1) agus (2) (a), (b), (c) agus (h) | Airteagal 51(2), (3), (4), (5) agus (6) |
| Airteagal 31(2)(d),(e),(f),(g) | Iarscríbhinn VII |
| Airteagal 31(3) agus (4) | Iarscríbhinn VII |
| Airteagal 32 | Airteagal 33(2), (3) agus (4)<br>Airteagal 42(2), (3) agus (4) |
| Airteagal 33 | - |
| Airteagal 33a | Airteagal 51 |
| Airteagal 34 | Airteagal 54 |
| Airteagal 35 | - |
| Airteagal 36 | - |
| Airteagal 37 | Airteagal 55 |
| Airteagal 38 | Airteagal 56 |
| Airteagal 38a | Airteagal 59(1)(2) |
| Airteagal 39 | Airteagal 61 |
| Airteagal 40 | - |
| Airteagal 41 | Airteagal 62 |
| | |